2025/1711

5.8.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1711 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Lúnasa 2025

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí sorcóirí ardbhrú cruach gan uaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 6 Nollaig 2024, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí sorcóirí ardbhrú cruach gan uaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann') ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán arna chur isteach ag cúig chuideachta, Cylinders Holding a.s., Dalmine S.p.A. (Tenaris), Eurocylinder Systems AG, Faber Industrie S.p.A., agus Worthington Cylinders GmbH ('na gearánaigh') an 24 Deireadh Fómhair 2024. Ba é tionscal sorcóirí cruach ardbhrú gan uaim an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán a rinneadh an gearán. Ba leor an fhianaise a bhí sa ghearán maidir leis an dumpáil agus leis an díobháil ábhartha ba thoradh uirthi chun an t-imscrúdú a thionscnamh.

1.2. Clárú

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/531 ón gCoimisiún ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe ([3]).

1.3. Páirtithe leasmhara

(4) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún na gearánaigh, táirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta, údaráis na Síne, allmhaireoirí, soláthróirí, úsáideoirí agus trádálaithe aitheanta, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach ar an eolas go sonrach faoi thionscnamh an imscrúdaithe agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(5) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí sorcóirí ardbhrú cruach gan uaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C/2024/7403 an 6.12.2024).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/531 ón gCoimisiún an 24 Márta 2025 lena gcuirtear allmhairí sorcóirí ardbhrú cruach gan uaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe (IO L 2025/531, 25.3.2025, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/531/oj).

1.4. **Sampláil**

(6) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Táirgeoirí an Aontais a shampláil

(7) San fhógra tionscnaimh uaidh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn ionadaíochais ó thaobh an mhéid táirgeachta agus díolachán den táirge comhchosúil san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is é a bhí sa sampla sin dhá tháirgeoir de chuid an Aontais. Is ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais a tháinig 47 % de tháirgeacht mheasta iomlán an Aontais agus 42 % de chainníocht díolachán iomlán mheasta an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúlacha. Is sampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais é.

Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil

(8) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar.

(9) Níor sholáthair aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a iarradh ná níor thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla.

Táirgeoirí onnmhairiúcháin a shampláil

(10) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(11) Sholáthair fiche táirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann, a bhfuil 54,4 % de na honnmhairí iomlána measta chuig an Aontas acu, an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla.

(12) Cé gur aontaigh na gearánaigh le roghnú an chéad táirgeora onnmhairiúcháin a bhfuil an táirgeacht is mó aige as an dá ghrúpa cuideachtaí roghnaithe, dúirt na gearánaigh gur cheart an dara táirgeoir a ionadú a mhéid a tháirg sé trealamh comhraic dóiteáin den chuid is mó amhail múchtóirí dóiteáin. Dá bhrí sin, chuir na gearánaigh dhá chuideachta chomhoibríocha mhalartacha ar aghaidh ar na forais seo a leanas:

— Raon táirgí níos leithne

— Acmhainneacht táirgeachta mhór

— Láithreacht mhór san Aontas i gcás an táirge lena mbaineann arna mhonarú ag an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin sin

(13) Ina theannta sin, chuir na gearánaigh i dtábhacht na rioscaí a bhaineann go dlúth le dhá chuideachta a roghnú sa sampla i gcás neamh-chomhoibriú ó cheann amháin acu.

(14) Mar sin féin, de réir na faisnéise atá ar fáil, tháirg an dara grúpa cuideachtaí a roghnaíodh raon níos leithne táirgí agus ní trealamh comhraic dóiteáin amháin. Na barúlacha a tugadh maidir leis an acmhainneacht táirgeachta atá ar fáil agus láithreacht an dá chuideachta mhalartacha a moladh i margadh an Aontais, ní fhéadfaí iad a fhíorú ag an gcéim seo nó níor tacaíodh leo le fianaise. Thairis sin, dhearbhaigh an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin a roghnaíodh go sealadach go raibh rún daingean acu comhoibriú leis an imscrúdú.

(15) Bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil, ní raibh aon ghá leis an sampla a bhí beartaithe a leasú. Is é a bhí i gceist leis an sampla cinntitheach 37,5 % de chainníocht onnmhairiúcháin mheasta na sorcóirí ardbhrú gan uaim chuig an Aontas ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

1.5. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(16) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith ann sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán chuig Rialtas na Síne.

(17) Thairis sin, sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach *prima facie* sa ghearán ar shaobhadh amhábhar sa tSín maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san fhógra tionscnaimh, chumhdaigh an t-imscrúdú an saobhadh amhábhar sin chun a chinneadh an gcuirfí forálacha Airteagal 7(2a) agus 7(2b) den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir leis an tSín. Ar an gcúis sin, sheol an Coimisiún ceistneoirí breise maidir leis sin chuig Rialtas na Síne.

(18) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig táirgeoirí an Aontais agus chuig allmhaireoirí, úsáideoirí agus táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne. Sheol an Coimisiún ceistneoir freisin chuig trádálaí neamhchomhlachaithe trína raibh ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ag díol an táirge lena onnmhairiú chuig an Aontas. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne ([4]) lá an tionscnaimh.

(19) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil, an díobháil dá deasca, agus leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí de chuid an Aontais

— Cylinders Holding: Vítkovice Cylinders a.s., Ostrava, Poblacht na Seice agus Vítkovice Milmet, Katowice, an Pholainn

— Worthington Cylinders GmbH, Gaming, an Ostair

Táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne

— Tianjin Tianhai High Pressure Container Corp., Ltd., Tianjin, Daon-Phoblacht na Síne

— Zhejiang Winner Fire Fighting Equipment Co., Ltd., Jiaxing, Daon-Phoblacht na Síne

Trádálaithe comhlachaithe i nDaon-Phoblacht na Síne

— Beijing Tianhai Industry Co., Ltd., Béising, Daon-Phoblacht na Síne

— Jiaxing Fuxin Fire Industrial Co.,Ltd., Jiaxing, Daon-Phoblacht na Síne

— Chengdu CMEC Machinery Import and Export Co., Ltd., Chengdu, Daon-Phoblacht na Síne

Trádálaí neamhchomhlachaithe i nDaon-Phoblacht na Síne

— Leebucc (Tianjin) Hydraulics Equipment Co., Ltd., Tianjin, Daon-Phoblacht na Síne

1.6. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(20) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus díobháil an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2023 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

([4]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2766.

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi imscrúdú

(21) Is éard atá sa táirge faoi imscrúdú sorcóirí ardbhrú cruach folmha gan uaim ('HPSC'), lena n-áirítear múchtóirí dóiteáin, le haghaidh gás comhbhrúite nó leachtaithe, déanta as cruach, de gach trastomhas agus de gach toilleadh toirte, bídís snáithithe nó ná bídís, gan beann ar bhratú inmheánach ná ar phlátáil inmheánach, gan beann ar bhailchríochnú seachtrach agus ar chruth seachtrach, cibé acu atá nó nach bhfuil bolgán gáis curtha isteach iontu, gan beann ar fheistiú na sorcóirí le comhla, fáinne muiníl, fáinne coise nó píobánra, bídís ceangailte le chéile chun cuach a dhéanamh nó ná bídís ('an táirge faoi imscrúdú').

(22) Sorcóirí gáis ardbhrú beaga, neamh-inathlíonta, a bhfuil toilleadh suas go 120 ml agus toilleadh 120 ml san áireamh acu, a chumhdaítear le caighdeán Eorpach EN 16509:2014 agus/nó le huimhir NA 2037 arna sannadh ag Coiste Saineolaithe na Náisiún Aontaithe um Iompar Earraí Contúirteacha, déantar iad a eisiamh ón raon táirge.

(23) Úsáidtear sorcóirí ardbhrú gan uaim i raon leathan feidhmeanna: le haghaidh múchtóirí dóiteáin, gáis thionsclaíocha (e.g. táthú agus gearradh, bia agus deochanna), gáis leighis le haghaidh ospidéal agus cúram sláinte, gáis leictreonacha agus speisialtachta, aer anála le haghaidh comhraic dóiteáin, sochtadh dóiteáin, tumadóireacht scúba agus breoslaí malartacha lena n-áirítear gás nádúrtha comhbhrúite (GNC) agus hidrigin.

2.2. An táirge lena mbaineann

(24) Is éard atá sa táirge lena mbaineann sorcóirí ardbhrú gan uaim le haghaidh gás comhbhrúite nó leachtaithe, déanta as cruach, de gach trastomhas agus de gach toilleadh toirte, bídís snáithithe nó ná bídís, gan beann ar bhratú inmheánach ná ar phlátáil inmheánach, gan beann ar bhailchríochnú seachtrach agus ar chruth seachtrach, cibé acu atá nó nach bhfuil bolgán gáis curtha isteach iontu, gan beann ar fheistiú na sorcóirí le comhla, fáinne muiníl, fáinne coise nó píobánra, bídís ceangailte le chéile chun cuach a dhéanamh nó ná bídís, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC 7311 00 11, ex 7311 00 13, ex 7311 00 19 agus ex 7311 00 30 (cóid TARIC 7311 00 11 15, 7311 00 11 80, 7311 00 13 15, 7311 00 13 80, 7311 00 19 15, 7311 00 19 80, 7311 00 30 15 agus 7311 00 30 80) ('an táirge lena mbaineann').

2.3. An táirge comhchosúil

(25) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na Síne; agus

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(26) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.4. Maímh maidir leis an raon táirge

2.4.1. *Iarraidh ar mhúchtóirí dóiteáin agus sorcóirí líonta a eisiamh*

(27) De réir an tsainmhínithe ar an táirge thuasluaite, is é atá sa táirge atá faoi réir an imscrúdaithe seo sorcóirí ardbhrú cruach gan uaim le haghaidh gás comhbhrúite nó leachtaithe.

(28) Tar éis thionscnamh an imscrúdaithe, d'áitigh táirgeoir onnmhairiúcháin amháin, Zhejiang Winner Fire Fighting Equipment Co., Ltd., nár tháinig múchtóirí dóiteáin, a aicmítear faoi chód AC 8424 10 00, faoi raon táirge an imscrúdaithe. Mheabhraigh an Coimisiún gur ar mhaithe le faisnéis amháin a tugadh cóid AC agus TARIC. Bhí raon feidhme an imscrúdaithe seo faoi réir shainmhíniú an táirge faoi imscrúdú mar atá le fáil i Roinn 2 den fhógra tionscnaimh. Dá réir sin, múchtóirí dóiteáin a raibh na saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha céanna acu agus a bhí ag sorcóirí ardbhrú gan uaim, measadh gur tháinig siad faoi raon an táirge faoi imscrúdú..

(29) Mhaígh Zhejiang Winner Fire Fighting Equipment Co., Ltd., freisin, nár cheart múchtóirí dóiteáin luchtaithe, i.e. iad líonta le ceimiceáin thirime agus fhliucha éagsúla, a mheas mar mhúchtóirí a thagann faoi táirge an imscrúdaithe.

(30) D'fhoilsigh an Coimisiún an 6 Márta 2025 nóta faisnéise ([5]) lenar soiléiríodh

— Is cuid de raon táirge an imscrúdaithe seo iad HPSCanna inlíonta nó in-athlíonta atá folamh agus a chomhlíonann na sonraíochtaí a leagtar amach i sainmhíniú táirge an fhógra tionscnaimh;

— Níl HPSCanna líonta mar chuid de raon táirge an imscrúdaithe seo;

— Níl múchtóirí dóiteáin líonta/luchtaithe mar chuid de raon táirge an imscrúdaithe seo;

— Tá múchtóirí dóiteáin folmha a chomhlíonann na sonraíochtaí a leagtar amach i sainmhíniú táirge an fhógra tionscnaimh mar chuid de raon táirge an imscrúdaithe, gan beann ar cé acu a aicmítear nó nach n-aicmítear iad faoi chód AC 8424 10 00 (Cóid TARIC 8424 10 00 11 agus 8424 10 00 21).

(31) D'áitigh na gearánaigh gur dhócha go raibh múchtóirí dóiteáin líonta nó luchtaithe comhdhéanta den chuid is mó de shorcóirí táite nó de shorcóirí neamhchruach eile agus, dá bhrí sin, go raibh siad lasmuigh de raon feidhme an imscrúdaithe. Cé go n-aithníonn siad nach bhfuil aon difríochtaí idir sorcóirí ardbhrú gan uaim a úsáidtear le haghaidh feidhmeanna múchta dóiteáin agus na sorcóirí a úsáidtear chun críocha eile (amhail sorcóirí CO_2 don tionscal bia agus deochanna), agus go bhfuil feidhm ag na caighdeáin theicniúla chéanna maidir leis an dá thionscal, d'áitigh na gearánaigh, mar sin féin, gur cheart sorcóirí gan uaim ardbhrú líonta a áireamh laistigh de raon feidhme an táirge. D'áitigh siad go ndéanfaí raon feidhme an táirge lena mbaineann a chúngú go míchuí san imscrúdú reatha agus go gcruthófaí riosca imchéimniúcháin dá n-eisiafaí na sorcóirí sin.

(32) Thug na gearánaigh dá n-aire go sonrach go gcumhdaítear cuacha sorcóirí leis an sainmhíniú ar an táirge, cé nach bhfuil an fráma a úsáidtear chun na sorcóirí a chóimeáil ina gcuach. Ar an gcaoi chéanna, cumhdaíodh sorcóirí aicéitiléine faoin sainmhíniú ar an táirge cé go bhfuil ábhar póiriúil iontu chun aicéatón a choinneáil agus gur chomhlíon an táirge critéir uile an táirge mar a shainmhínítear i sainmhíniú an táirge lena mbaineann mar a leagtar amach san fhógra tionscnaimh.

(33) Mar chonclúid, mheas na gearánaigh gur cheart athscrúdú a dhéanamh ar an soiléiriú táirge a rinne an Coimisiún dá dtagraítear thuas.

(34) Thug an Coimisiún dá aire ar dtús nár sonraíodh sa ghearán, ná san fhógra tionscnaimh ina dhiaidh sin go ndearna an táirge faoi imscrúdú tagairt do shorcóirí líonta.

(35) Ina theannta sin, léirigh an t-imscrúdú gur minic a rinne custaiméirí sorcóirí ardbhrú gan uaim an oibríocht chóimeála agus líonta chun an táirge lena mbaineann a dhéanamh oiriúnach dá úsáid deiridh, bíodh sé mar mhúchtóir dóiteáin nó mar choimeádán le haghaidh táirgí ceimiceacha.

(36) Thairis sin, i bhfianaise na gceanglas sábháilteachta agus slándála atá thar a bheith costasach agus anásta is infheidhme maidir le hiompar idir-ilchríochach earraí an-ghuaiseach amhail sorcóirí gan uaim ardbhrú líonta, fuarthas amach go raibh na rioscaí a líomhnaítear a bheith ann maidir le himchéimniú teoranta.

(37) I bhfianaise a bhfuil thuas, diúltaíodh do na maímh a chuir na gearánaigh ar aghaidh.

2.4.2. *Iarraidh go gcuirfí scealla cnuasagáin as an áireamh i raon feidhme an imscrúdaithe.*

(38) D'iarr táirgeoir onnmhairiúcháin neamhshampláilte amháin, Leebucc (Tianjin) Hydraulics Equipment Co., Ltd, go gcuirfí cealla cnuasagáin as an áireamh i raon feidhme an imscrúdaithe. Chuir an páirtí sin na hargóintí seo a leanas ar aghaidh:

([5]) AD724_HPSC_Note to the file - t25.003143.

— Níor sainmhíníodh HPSC go soiléir agus go hiomchuí san fhógra tionscnaimh. Ba théarma sách ginearálta é an téarma HPSC nach ndearna idirdhealú idir táirge amhail scealla cnuasagáin agus HPSC ginearálta;

— Tá a ngnéithe uathúla agus a sonraíochtaí teicniúla ag scealla cnuasagáin, a bhraitear le struchtúr uathúil agus mar tháirgí deiridh, tá siad faoi réir ceanglais dhlíthiúla éagsúla;

— Ní mór deimhniú a bheith ag táirgeoirí chun an táirge sin a tháirgeadh trí fhógra a thabhairt do chomhlachtaí atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht táirgí áirithe;

— Ní féidir scealla cnuasagáin a úsáid le haghaidh feidhmeanna tráchtála toisc go gceanglaítear iad a dhul trí chóimeáil bhreise san Aontas ar dtús lena n-úsáid le haghaidh feidhmeanna saindeartha;

— Bíonn bolgán i scealla cnuasagáin agus tá roinnt dá gcomhpháirteanna éagsúil le HPSC ginearálta freisin;

(39) D'áitigh na gearánaigh:

— Níor chloígh an táirgeoir onnmhairiúcháin leis an sprioc-am a leagtar amach san fhógra tionscnaimh ar dá réir nach mór d'aon pháirtí leasmhar ar mian leis '*faisnéis maidir leis an raon táirge a chur isteach déanamh amhlaidh laistigh de 10 lá ó dháta foilsithe an 'NOI*';

— Níor thug an táirgeoir onnmhairiúcháin barúlacha tar éis fhoilsiú an nóta lena soiléirítear raon feidhme an táirge a luaitear in aithris (30) thuas.

— Mar a luaitear i mír 26 den ghearán, tagann scealla cnuasagáin faoi raon feidhme an táirge lena mbaineann mar 'nuair a chuirtear bolgán gáis isteach sa sorcóir agus nuair a úsáidtear é le haghaidh córais a oibríonn le brú hiodrálach nó stóráil fuinnimh, tagraítear do shorcóirí [ardbhrú gan uaim] de chineál 1 mar 'scealla cnuasagáin'.

— Sa sainmhíniú ar raon feidhme an táirge a leagtar amach san fhógra tionscnaimh agus a deimhníodh ina dhiaidh sin sa Rialachán maidir le clárú, luadh go soiléir 'Is éard atá sa táirge atá faoi réir an imscrúdaithe seo sorcóirí ardbhrú gan uaim le haghaidh gás comhbhrúite nó leachtaithe, déanta as cruach, de gach trastomhas agus de gach toilleadh méide, bídís snáithithe nó ná bíodh, gan beann ar bhratú inmheánach nó ar phlátáil inmheánach, gan beann ar bhailchríochnú seachtrach agus ar chruth seachtrach, *cibé acu atá nó nach bhfuil lamhnán gáis curtha isteach iontu*, gan beann ar fheistiú na sorcóirí le comhla, fáinne muineál, fáinne cos nó píobánra, bídís ceangailte le chéile chun cuach a dhéanamh nó ná bíodh.'

— Is é an ghné shainiúil a bhaineann le raon feidhme an táirge lena mbaineann a chinneadh nach mór na buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna a bheith ag na táirgí a chumhdaítear;

— Is cineál amháin HPSC é sceall cnuasagáin, agus roinnt éagsúlachtaí ann maidir leis an táirge deiridh a dhíoltar leis an gcustaiméir, mar is amhlaidh i gcás cineálacha eile a chumhdaítear go cothrom amhail sorcóirí aicéitiléine nó cuacha sorcóirí;

— Má tá nó mura gcuirtear aon sonraíochtaí nó gabhálais leis an sorcóir, ní bheidh aon tionchar aige sin ar é a bheith san áireamh i raon feidhme an tsorcóra;

— Ní dhéanann dearcadh tomhaltóirí ná an bealach a gcuirfí an táirge deiridh ar an margadh difear do bhuntréithe an táirge.

— Ní fhágann cur i bhfeidhm HPSC i bhfoirm scealla cnuasagáin don tionscal hiodrálach nach féidir iad a bheith laistigh den raon táirge;

— Ní chiallaíonn infheidhmeacht rialachán éagsúil ag brath ar úsáidí agus sonraíochtaí sorcóra ar leith nach bhfuil na buntréithe céanna ag gach táirge a áirítear faoin sainmhíniú ar an táirge lena mbaineann, lena n-áirítear i measc scealla cnuasagáin eile.

(40) D'áitigh Leebucc (Tianjin) Hydraulics Equipment Co., Ltd gur ardaigh sé an tsaincheist maidir le scealla cnuasagáin a eisiamh ó raon feidhme an imscrúdaithe tar éis fíorú ar an láthair agus gur cheart breathnú ar na sprioc-amanna chun barúlacha a thabhairt maidir leis an raon táirge mar sprioc-am 'bog' murab ionann agus an sprioc-am reachtúil níos déine a shonraítear sa bhun-Rialachán.

(41) D'áitigh Leebucc (Tianjin) Hydraulics Equipment Co., Ltd go raibh difríochtaí ann idir táirge leathchríochnaithe (sceall cnuasagáin) agus táirge críochnaithe (cnuasagán), rud a bhí ina thoisc ríthábhachtach chun cosúlacht scealla cnuasagáin le cnuasagán agus sorcóir don tionscal gáis a chinneadh. Thairis sin, mhaígh sé nár cheart táirge leathchríochnaithe a chur i gcomparáid le táirge críochnaithe chun críche ríomh dumpála. Ar deireadh, mhaígh an chuideachta sin go ndeartar scealla cnuasagáin go sonrach le bheith oiriúnach do chnuasagán deartha, a bhfuil deimhnithe sonracha ag teastáil don dá rud agus tháinig sí ar an gconclúid nach féidir HPSC a chur in ionad sceall cnuasagáin le haghaidh an tionscail gáis agus nach féidir é a úsáid mar táirge tráchtála a scaoiltear chun saorchúrsaíochta i margadh an Aontais.

(42) Rinne an Coimisiún anailís ar an iarraidh ar eisiamh ar bhonn na n-eilimintí a chuir an páirtí i gceist i láthair agus tháinig sé ar an gconclúid shealadach go dtagann scealla cnuasagáin faoin sainmhíniú ar an táirge faoi aithris (21) agus go bhfuil na buntréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha céanna ag baint leo agus atá ag na sorcóirí eile. Thairis sin, cumhdaíodh iad leis an sainmhíniú ar an táirge lena mbaineann agus sainaithníodh iad sna huimhreacha rialaithe táirgí a d'úsáid an Coimisiún chun corrlaigh dhumpála agus dhíobhála a ríomh, lena sainaithnítear i gceart sceall cnuasagáin agus lena gcuirtear ar chumas an Choimisiúin comparáid chothrom a dhéanamh idir táirgeoirí an Aontais agus táirgeoirí na Síne. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

3. DUMPÁIL

3.1. Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán

(43) Ó tharla gur leor an fhianaise a bhí ar fáil nuair a tionscnaíodh an t-imscrúdú a léirigh ar an iomlán, a mhéid a bhaineann le Daon-Phoblacht na Síne ('an tSín'), gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí tús a chur leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(44) Dá thoradh sin, chun na sonraí is gá a bhailiú chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm amach anseo, d'iarr an Coimisiún, san fhógra tionscnaimh, ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun an táirge a tháirgeadh. Chuir naoi dtáirgeoir onnmhairiúcháin an fhaisnéis ábhartha isteach.

(45) D'fhonn an fhaisnéis a fháil a mheas sé go mba ghá dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun sorcóirí ardbhrú cruach gan uaim a tháirgeadh agus fianaise thacaíochta a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an fhógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

(46) Shonraigh an Coimisiún freisin i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil, go raibh an Bhrasaíl roghnaithe go sealadach aige mar thír ionadaíoch iomchuí de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in 2(6a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(47) An 13 Feabhra 2025, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ('an chéad nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge lena mbaineann. Ina theannta sin, bunaithe ar na critéir lena dtreoraítear rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún tíortha ionadaíocha féideartha, is iad sin an Bhrasaíl, an Airgintín agus an Tuirc mar thír ionadaíoch iomchuí. Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an gcéad nóta mar a luadh in aithrisí (116) go (131)

(48) An 7 Márta 2025, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an dara nóta ('an dara nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, agus gurbh í an Tuirc an tír ionadaíoch. Chuir sé páirtithe leasmhara ar an eolas freisin go leagfadh sé síos costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('costais SGA') agus na brabúis bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil don earnáil. Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an gcéad nóta mar a luadh in aithrisí (132) go (145).

3.2. **An Gnáthluach**

(49) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, *'[b]eidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir*".

(50) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'más rud é go gcinntear […]nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa' agus '[á] ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús* ('costais SGA' a thugtar anseo feasta *ar 'costais riaracháin, díola agus ghinearálta'*).

(51) Mar a mhínítear thíos freisin, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil agus ag féachaint don easpa comhoibriú ó Rialtas na Síne gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.3. **Saobhadh suntasach a bheith ann**

(52) In imscrúduithe a rinneadh le déanaí maidir leis an earnáil cruach sa tSín ([6]), chinn an Coimisiún gurbh ann do saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1666 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí téad agus cáblaí cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne arna leathnú chun allmhairí téad agus cáblaí cruach arna gcur chun bealaigh ó Mharacó agus ó Phoblacht na Cóiré a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1666/oj; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Tuircehttp://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1444/oj; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí ceaigeanna cruach dosmálta in-athlíonta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/100/oj ; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 ón gCoimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cineálacha áirithe táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus Chónaidhm na Rúise, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/2068/oj; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/191/oj.

(53) Sna himscrúduithe sin, chinn an Coimisiún gurbh ann d'idirghabháil shubstaintiúil ón rialtas sa tSín, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([7]). Go háirithe, ba é conclúid an Choimisiúin maidir leis an earnáil cruach, arb í an príomh-amhábhar chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh, nach amháin gur ann fós do chuid shubstaintiúil úinéireachta ag Rialtas na Síne, de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán ([8]), ach go bhfuil sé de chumas ag Rialtas na Síne freisin cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht an Stáit i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán ([9]). Fuair an Coimisiún amach thairis sin go bhfuil éifeacht saofa breise ar an margadh ag láithreacht an Stáit agus idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais, agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála sa tSín, fágann sé go mbíonn acmhainní á ndíriú ag Rialtas na Síne ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([10]). Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád i mbun gnó agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh sa tSín ([11]). Ar an gcaoi chéanna, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil cruach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ([12]), mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le rochtain ar chaipiteal do ghníomhaithe corparáideacha sa tSín. ([13])

(54) Faoi mar a rinne sé sna himscrúduithe roimhe seo maidir leis an earnáil cruach sa tSín, d'fhéach an Coimisiún san imscrúdú seo cibé an raibh nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tSín i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún é sin ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise atá sa ghearán, agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin freisin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála ([14]) (*'an Tuarascáil'*), rud a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla rialtais i ngeilleagar na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi imscrúdú. Chuir an Coimisiún leis na heilimintí fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gurb ann do shaobhadh suntasach sa tSín, mar a fuarthas amach freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.

(55) Tugadh samplaí sa ghearán de na heilimintí a léiríonn gur ann do shaobhadh, mar a liostaítear sa chéad fhleasc go dtí an séú fleasc d'Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, agus líomhnaítear ann nach bhfuil dálaí an mhargaidh, go háirithe costais agus praghsanna, i dtionscal cruach na Síne faoi thionchar fhórsaí soláthair agus éilimh an mhargaidh, ach go ndéantar saobhadh orthu le hidirghabháil Stáit sa gheilleagar.

([7]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1666 ón gCoimisiún, aithris 76; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444 ón gCoimisiún, aithris 66; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100 ón gCoimisiún, aithris 58; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 ón gCoimisiún, aithris 80; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún, aithris 208.

([8]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1666 ón gCoimisiún, aithris 60; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444 ón gCoimisiún, aithris 45; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100 ón gCoimisiún, aithris 38; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 ón gCoimisiún, aithris 64; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún, aithris 192.

([9]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1666 ón gCoimisiún, aithrisí 66-68; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444 ón gCoimisiún, aithris 58; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100 ón gCoimisiún, aithris 40; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 ón gCoimisiún, aithris 66; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún, aithrisí 193-194. Cé go bhféadfaí a mheas gur léiriú ar na cearta úinéireachta comhfhreagracha é an ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomhphearsanra bainistíochta i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit a cheapadh agus a chur as a bpost, dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, léiríonn cealla de Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir fhiontair faoi úinéireacht stáit agus fhiontair faoi úinéireacht phríobháideach, modh tábhachtach eile trínar féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachtaí na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Ní léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó bhí 2016 ann ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne na cearta atá aige smacht a bheith aige ar chinntí gnó i bhfiontair faoi úinéireacht stáit mar phrionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin go bhfuil brú á chur ag Páirtí Cumannach na Síne ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % de thart ar 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú go mbeadh an focal deiridh ag eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne maidir leis na cinntí gnó laistigh de na cuideachtaí sin. Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, ar fud gach earnála, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú agus soláthróirí a gcuid ionchur.

([10]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1666 ón gCoimisiún, aithrisí 61-65; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444 ón gCoimisiún, aithris 59; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100 ón gCoimisiún, aithris 43; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 ón gCoimisiún, aithris 68; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún, aithrisí 195-201.

([11]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444 ón gCoimisiún, aithris 62; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100 ón gCoimisiún, aithris 52; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 ón gCoimisiún, aithris 74; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún, aithris 202.

([12]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1666 ón gCoimisiún, aithris 72; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444 ón gCoimisiún, aithris 45; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100 ón gCoimisiún, aithris 33; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 ón gCoimisiún, aithris 75; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún, aithris 203.

([13]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1666 ón gCoimisiún, aithris 73; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444 ón gCoimisiún, aithris 64; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100 ón gCoimisiún, aithris 54; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 ón gCoimisiún, aithris 76; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún, aithris 204.

([14]) Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin SWD (2024)91, an 10 Aibreán 2024, le fáil ag: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2024)91&lang=en.

(56) Soláthraíodh tagairtí sa ghearán freisin do na codanna ábhartha den Tuarascáil, agus cuireadh an méid seo a leanas in iúl:

(57) Tá an earnáil cruach, lena n-áirítear margadh an táirge lena mbaineann, ag freastal go suntasach ar fhiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, faoi mhaoirseacht bheartais nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir. Maidir leis sin, thug an gearánach dá aire an tionchar a d'fheidhmigh an Stáit trí Pháirtí Cumannach na Síne a bheith i láthair go foriomlán i bhfiontair Shíneacha agus trína ról tábhachtach i gcomhlachais araon.

(58) Ar an gcéad dul síos, luadh sa ghearán go n-oibríonn geilleagar na Síne go príomha trí fhiontair faoi úinéireacht stáit, a rannchuidíonn le 25 % de OTI na Síne ([15]).Chun é sin a threisiú, thug an gearánach dá aire gurb iad fiontair faoi úinéireacht stáit na príomhbhealaí freisin a ligeann don stát a bheartais a chur chun feidhme go díreach ar an margadh. Thairis sin, maidir leis an earnáil cruach, arb í an príomh-amhábhar í chun an táirge lena mbaineann a mhonarú, luadh gur ó fhiontair faoi úinéireacht stáit a thagann 40 % de tháirgeacht na hearnála. Go deimhin, is cuideachtaí faoi úinéireacht stáit iad ceithre cinn de na deich dtáirgeoir cruach is mó, ina measc sin, Baowu Steel Group, HBIS Group, Ansteel Group agus Shougang ([16]). Thug an gearánach dá aire freisin fiontair bheaga eile faoi úinéireacht stáit, amhail Maanshan iron & Steel Company Limited, Batou Steel Group agus CITIC Pacific Special Steel, atá an-tábhachtach freisin, mar fhoinse dhíreach cruach do tháirgeoirí sorcóirí ardbhrú cruach gan uaim sa tSín.

(59) Ar an dara dul síos, luaigh an gearánach an ról lárnach atá ag idirghabháil Rialtas na Síne, trí na comhlachais. Tugadh faoi deara go raibh sé sin fíor go háirithe i gcás na hearnála cruach agus, dá bhrí sin, i gcás mhargadh HPSC freisin. Is amhlaidh atá toisc, san earnáil cruach, gurb eol go bhfuil '*ról an droichid agus an naisc idir an rialtas agus na comhaltaí á imirt* ([17])' ag na comhlachais. Maidir leis sin, luaigh an gearánach, cé nach bhfuil aon chomhlachas trádála sonrach sa tionscal HSPC chun beartais thionsclaíocha a chur chun feidhme, go bhfuil gníomhaithe eile ann, amhail an Coiste Teicniúil Náisiúnta um Chaighdeánú ar Shorcóirí Gáis ('TC31') agus Comhlachas na Síne um Iniúchadh ar Threalamh Speisialta ('CASEI') a dhéanann caighdeáin agus rialacháin náisiúnta is infheidhme maidir le táirgeoirí HPSC a fhorghníomhú go díreach ([18]).

(60) Léirítear tionchar Rialtas na Síne san earnáil cruach i dtáirgeadh an táirge lena mbaineann, rud a fhágann gur féidir leis tionchar agus rialú a fheidhmiú ar fud an tslabhra luacha ar fad.

(61) Maidir leis an stát a bheith i láthair i ngnólachtaí , rud a chuireann ar a chumas don stát cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais, thug an gearánach dá aire go bhfuil cuideachtaí poiblí agus príobháideacha araon a bhfuil baint acu le táirgeadh cruach i gcoitinne agus HPSC go háirithe, faoi rialú fadréimseach Rialtas na Síne, rud a fhágann go saobhann an Stát praghsanna agus costais in earnálacha den sórt sin. Mhaígh an gearánach go raibh comhaltaí de Pháirtí Cumannach na Síne i láthair ar an iomlán i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus i gcuideachtaí faoi úinéireacht phríobháideach araon, rud a fhágann go sonrach go bhfuil Páirtí Cumannach na Síne rannpháirteach ní hamháin i rogha na bhfeidhmeannach ach i rogha na n-acmhainní daonna freisin.

(62) Thairis sin, thug na gearánaigh faoi deara gur i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit, bíonn oibleagáidí ar eagraíochtaí ar leibhéal an pháirtí prionsabail agus beartais an pháirtí a chur chun feidhme. Áirithítear é sin trí chealla páirtí a bheith ann laistigh de chuideachtaí, a gceanglaítear orthu roinn araíonachta a chruthú chun cur i bhfeidhm threoracha Rialtas na Síne a áirithiú. Ina theannta sin, tugadh faoi deara sa ghearán staid chomhchosúil i gcás cuideachtaí faoi úinéireacht phríobháideach. Go deimhin, tugadh faoi deara in 2017, go raibh cealla de Pháirtí Cumannach na Síne in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, ina raibh '*brú méadaitheach ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach* ([19])'.

(63) Ina theannta sin, tugadh faoi deara go n-iarrann Páirtí Cumannach na Síne go gcuirfí chun feidhme aonaid ar a dtugtar 'Frontaí Aontaithe' chun tionchar agus idé-eolaíocht Pháirtí Cumannach na Síne i gcuideachtaí príobháideacha a chur chun cinn a thuilleadh trí '*chóras fiontair nua-aimseartha a bhfuil saintréithe Síneacha aige*' a bhunú. Go háirithe, luaigh an gearánach Leas-Chathaoirleach Chónaidhm Tionscail agus Tráchtála na Síne uile, a mhínigh go ndéanfaidh an córas sin '*ceannaireacht an Pháirtí a chomhtháthú i ngach gné den phobal agus eagraíocht an pháirtí a leabú sa struchtúr rialachais chorparáidigh*'. Thug sé dá aire freisin, ar thaobh chóras an gheilleagair phríobháidigh, '*nach mór dó cloí le ceannaireacht fhoriomlán an Pháirtí agus í a neartú*'. In 2023, thuairiscigh an gearánach go bhfuil aonaid den pháirtí i 92 % de na 500 fiontar príobháideach is mó sa tSín.

(64) Luaigh an gearánach freisin go bhfuil tionchar ag Rialtas na Síne freisin ar cheapadh príomhfheidhmeannaigh agus príomhfhostaithe acmhainní daonna i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus i gcuideachtaí faoi úinéireacht phríobháideach araon.

([15]) Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin SWD (2024)91, an 10 Aibreán 2024, lch. 103, le fáil ag: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2024)91&lang=ga.
([16]) Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 399.
([17]) Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin SWD (2024)91, an 10 Aibreán 2024, le fáil ag: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2024)91&lang=ga.
([18]) TC31, Coiste Teicniúil um Chaighdeánú, le fáil ag: http://www.china-cylinder.org/committee_introduction.
([19]) Cónaidhm na Síne um Thionsclaíocht agus Thráchtáil, Ye Qing: *Promote the organic integration of the party's leadership system of private enterprises* [Comhtháthú orgánach chóras ceannaireachta an pháirtí maidir le fiontair phríobháideacha a chur chun cinn], le fáil ag: https://www.acfic.org.cn/bhjj/ldzc/hzfhz/yq/yqgzhd/202009/t20200917_60940.html .

(65) I bhfiontair faoi úinéireacht stáit, mar shampla, leathnaíonn Páirtí Cumannach na Síne a smacht trí nós imeachta ceapacháin príomhfheidhmeannaigh bhainistíochta. Go beacht, luaigh an gearánach, i gcomhréir leis na Rialacháin maidir le hObair Eagraíochtaí Cosmhuintire de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i gCuideachtaí faoi Úinéireacht Stáit, '*gurb ionann post rúnaí an choiste páirtí (grúpa páirtí) agus post an cathaoirligh de ghnáth, agus feidhmíonn an bainisteoir ginearálta ar comhalta páirtí é mar leasrúnaí an choiste páirtí* ([20])' Ceanglaítear leis na rialacháin ar an gcaoi chéanna go mbeidh rúnaí choiste an Pháirtí ina stiúrthóir feidhmiúcháin i gcuideachta '*gan bord stiúrthóirí agus gan ach stiúrthóirí feidhmiúcháin aici*,' agus i '*bhfiontair chorparáideacha neamhspleácha*' beidh sé ina leas-bhainisteoir ginearálta.

(66) Maidir le cuideachtaí príobháideacha, tugadh faoi deara sa ghearán go moltar dóibh sin freisin sásra maoirseachta a bhunú faoi stiúir chill an Pháirtí ag a bhfuil cumhachtaí araíonachta chun '*cur chun feidhme an chórais comhlíontachta corparáidí agus an chórais bainistíochta corparáidí a áirithiú, rabhadh agus oideachas a chur ar lucht bainistíochta agus foirne ceannaireachta, maoirseacht agus bainistiú foirne*.' Ba cheart cumhacht a bheith ag an sásra maoirseachta freisin ar fhoirne agus ar fhostaithe a stiúradh chun '*úsáid [...] na cumhachta a rialáil* ([21])'

(67) Nocht an gearánach go bhfuil saobhadh den sórt sin ann ní hamháin i gcuideachtaí a tháirgeann an táirge faoi imscrúdú ach ina thionscal réamhtheachtach freisin, is é sin san earnáil cruach. Ní hamháin go bhfuil sé sin amhlaidh mar gheall ar úinéireacht agus láithreacht an Stáit ach freisin mar gheall ar bheartais chomhdhlúthaithe éagsúla as ar eascair meigea-chumaisc amhail an ceann a bhí ar siúl in 2016 a bhain le Boasteel Group Corp agus Wuhan Iron and Steel Group Corp a chumasc le Baowu Steel Group. Sa chás sin, ní hamháin gurb é cathaoirleach an bhoird bainisteoirí rúnaí Pháirtí Cumannach na Síne ach is é cathaoirleach cheardchumann na cuideachta é freisin.

(68) Mar thoradh air sin, tháinig an gearánach ar an gconclúid go bhfuil cuideachtaí atá gníomhach in earnálacha HPSC agus cruach nasctha go dlúth le Rialtas na Síne. Cuireann idirghabháil den sórt sin isteach ar dhinimic an mhargaidh, rud a dhéanann difear do shocruithe praghsanna agus costas.

(69) Mhaígh an gearánach freisin go ndéanann beartais phoiblí nó bearta poiblí idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó go n-imríonn siad tionchar ar bhealach eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir. Líomhain an gearánach go bhfuil córas pleanála curtha i bhfeidhm ag Rialtas na Síne lena ndreasaítear tionscal an táirge lena mbaineann agus na hearnálacha réamhtheachtacha go díreach, lena n-áirítear an earnáil cruach, as a n-eascraíonn tionchar láidir ar fhórsaí an mhargaidh. Leag an gearánach béim ar chineál ceangailteach na bpleananna sin, ós rud é go sainordaítear cur chun feidhme leis an dlí, lena n-áirítear ar an leibhéal bunreachtúil. Thug an gearánach dá aire gurb é an toradh a bhíonn ar chóras pleanála den sórt sin go bhfuil '*acmhainní á dtiomáint chuig earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh de réir fhórsaí an mhargaidh* ([22])'.

(70) Maidir leis an earnáil cruach, d'athdhearbhaigh an gearánach roinnt rialachán ón gCoimisiún inar aithníodh go bhfuil saobhadh ann, go háirithe maidir le príomh-chomhpháirteanna HPSC. Go háirithe, thagair an gearánach don Tuarascáil i ndáil le tábhacht straitéiseach an phlean maidir le forbairt amhábhair agus don 14ú Plean Cúig Bliana le haghaidh forbairt shóisialta agus eacnamaíoch.

(71) Líomhain na gearánaigh freisin go bhfuil easpa cur i bhfeidhm dlíthe féimheachta, corparáideacha nó maoine nó go bhfuil na dlíthe sin á bhforfheidhmiú ar bhealach idirdhealaitheach nó ar bhealach neamhleor. Luaigh an gearánach go bhfuil gannfhorfheidhmiú á dhéanamh ar dhlíthe féimheachta sa tSín. Maíodh gur toradh é sin ar an dlúthchaidreamh idir riarthóirí dócmhainneachta agus an rialtas áitiúil, agus ar thionchar foriomlán an rialtais i ngnóthaí corparáideacha. Tugadh faoi deara gur tugadh tacaíocht do '*gnólachtaí nach bhfuil inmharthana go heacnamaíoch, de ghnáth i dtionscail ina bhfuil ró-acmhainneacht thromchúiseach*' a chruthú ([23]). Is léir sin go háirithe do tháirgeoirí HPSC (i.e. Bohai Iron and Steel Group), i gcomhthéacs ina gcoinníonn an stát ró-acmhainneacht táirgeachta.

(72) Ina theannta sin, thug an gearánach dá aire torthaí roimhe sin ón gCoimisiún maidir le hearnálacha réamhtheachtacha an táirge lena mbaineann (i.e. an earnáil cruach agus margadh HPSC go háirithe), a thairbhigh de leithdháileadh roghnaitheach talún. Thug sé dá aire go bhfuil talamh faoi úinéireacht an stáit amháin agus go bhfuil a leithdháileadh faoi chúram eisiach an stáit ([24]). Is é an toradh atá air sin go ndéanann an Stát a dhlíthe maoine a ghiaráil i bhfabhar táirgeoirí HPSC intíre agus san earnáil cruach.

(73) Thug an gearánach dá aire freisin idirghabhálacha suntasacha ón tSín maidir le pá, a dhéanann difear don slabhra luacha ina iomláine agus a éiríonn níos déine de réir mar a théann an slabhra luacha i bhfad. Maítear go bhfuil dhá ghné i gceist le saobhadh den sórt sin, ar an gcéad dul síos nuair a bhíonn HSPC nó a bpríomh-ionchuir á dtáirgeadh, agus ar an dara dul síos go hindíreach nuair a bhíonn rochtain á fáil ar ionchuir ó chuideachtaí atá ag feidhmiú faoi chóras saothair céanna na Síne.

([20]) Fóram na hÁise Thoir, CCP branches out into private businesses, le fáil ag: CCP branches out into private businesses | East Asia Forum.

([21]) Cónaidhm na Síne um Thionsclaíocht agus Thrádtáil, Ye Qing: *Promote the organic integration of the party's leadership system of private enterprises* [Comhtháthú orgánach chóras ceannaireachta an pháirtí maidir le fiontair phríobháideacha a chur chun cinn], le fáil ag: https://www.acfic.org.cn/bhjj/ldzc/hzfhz/yq/yqgzhd/202009/t20200917_60940.html.

([22]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1475 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe de chruach dhosmálta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, aithris 46, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1475/oj.

([23]) People's Daily, *China to unvail detailed plan on zombie companies*, le fáil ag; China to unveil detailed plan on 'zombie companies' - People's Daily Online.

([24]) Tuarascáil – Caibidil 9, lch. 248.

(74) Ar deireadh, mhaígh an gearánach go n-oibríonn margaí airgeadais sa tSín i dtreo *'rialú a áirithiú agus idirghabháil ón Stát agus ó Pháirtí Cumannach na Síne a cheadú'* ([25]). Thug sé dá aire go rialaíonn an Stát ceithre cinn de na bainc is mó, agus iad ag soláthar maoiniú fabhrach do chuideachtaí faoi úinéireacht stáit ar chúiseanna beartais. Mhaígh sé freisin go raibh saobhadh á dhéanamh ar bhannaí agus rátálacha creidmheasa, toisc go bhfaigheadh roinnt cuideachtaí ráta níos ísle go hidirnáisiúnta i gcomparáid leis an gceann Síneach. Is amhlaidh atá toisc go gceadaíonn roinnt gníomhaireachtaí rátála d'iasachtaithe an rátáil is tairbhiúla a roghnú, agus is annamh a bhíonn mainneachtain mar thoradh air. I bhfianaise cheannasacht na gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit sa tionscal, tá sé sin ábhartha go háirithe don earnáil cruach agus do tháirgeadh HPSC mar thoradh air sin.

(75) Thairis sin, tugadh faoi deara sa ghearán go bhfuil praghsáil ró-íseal i dtairiscintí tosaigh don phobal ina thoradh ar láithreacht an Stáit ar an margadh. Is é is cúis leis sin iarracht an Stáit spriocanna beartais a shaothrú trí na tairiscintí tosaigh don phobal. Trí rochtain fhabhrach den sórt sin ar mhaoiniú, tháinig méadú faoi chúig ar na sócmhainní a bhí i seilbh fiontar faoi úinéireacht stáit atá faoi rialú SASAC idir 2005 agus 2017 agus shroich na hacmhainní sin luach EUR 7 trilliún ([26]). Ar deireadh, nocht an gearánach, ós rud é gurb í an earnáil cruach í i measc na dtionscal atáthar a spreagadh, go mbaineann sí tairbhe as maoiniú níos inrochtana, rud a thairbhíonn go hindíreach do mhargadh an táirge lena mbaineann freisin.

(76) Mar chonclúid, mheas an gearánach, mar gheall ar an saobhadh sin ó idirghabháil shubstaintiúil rialtais, nach bhfuil na costais agus na praghsanna sa tSín iontaofa chun an gnáthluach a chinneadh. Dá réir sin, ba cheart an gnáthluach a shuí trí chostais táirgthe neamhshaofa a úsáid i dtír ionadaíoch iomchuí.

(77) Dheimhnigh imscrúdú an Choimisiúin gurbh ann fós d'úinéireacht shubstaintiúil ag Rialtas na Síne in earnáil an táirge atá faoi imscrúdú, ar chuid iartheachtach den earnáil cruach í, de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán. Mar shampla, tá Tianjin Tianhai High Pressure Container Corp., Ltd. ([27]), táirgeoir agus onnmhaireoir an táirge, faoi imscrúdú faoi rialú deiridh Beijing Jingcheng Machinery Electric Company Ltd. ([28]), cuideachta faoi úinéireacht stáit atá faoi rialú deiridh Rialtas Bhardas Bhéising. ([29]). Sampla eile is ea Sinoma Science & Technology Co., Ltd. ([30]) atá faoi rialú China National Building Materials Group Co., Ltd. ([31]), cuideachta faoi úinéireacht stáit faoi SASAC ([32]). Cé nár tháinig an Coimisiún ar faisnéis fhairsing maidir le húinéireacht Stáit i measc tháirgeoirí HPSC, is ann fós do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne in earnáil cruach na Síne, arb í an príomh-amhábhar í chun HPSC a tháirgeadh. Tá roinnt de na táirgeoirí is mó faoi úinéireacht an Stáit. Áirítear iad seo a leanas ar shamplaí de chuideachtaí faoi úinéireacht stáit atá gníomhach san earnáil cruach: Ansteel Group ([33]) agus Baowu Steel Group ([34]), ar cuideachtaí faoi úinéireacht stáit iad araon faoi Choimisiún lárnach na Comhairle Stáit um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní atá faoi úinéireacht an Stáit ('SASAC'); Baotou Steel Group, cuideachtaí faoi úinéireacht stáit atá i seilbh Rialtas na hIon-Mhongóile ([35]); chomh maith le Shougang Group ([36]), cuideachta faoi úinéireacht stáit atá i seilbh Beijing State-Owned Asset Management Ltd ([37]).

(78) Thairis sin, deimhnítear sna doiciméid bheartais is déanaí de chuid na Síne maidir leis an earnáil cruach an tábhacht leanúnach a leagann Rialtas na Síne ar an earnáil, lena n-áirítear an rún idirghabháil a dhéanamh san earnáil d'fhonn í a mhúnlú i gcomhréir le beartais an rialtais. Léirítear an méid sin sa Tuairim Threorach ón Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise maidir le Forbairt Ardcháilíochta an Tionscail Cruach a Chothú, ina n-éilítear comhdhlúthú breise an bhoinn thionsclaíoch agus feabhas mór ar leibhéal nuachóiriúcháin an tslabhra thionsclaíoch ([38]), lena n-áirítear soláthar cruach speisialta, ionchur a úsáidtear chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh. Go sonrach, ceanglaítear leis an Tuairim Threorach seo ar Rialtas na Síne *'[c]umaisc agus atheagrúcháin fiontar a chur chun cinn. Fiontair cheannródaíocha sa tionscal a spreagadh chun cumaisc agus atheagrúcháin a chur chun feidhme agus roinnt grúpaí fiontar cruach ollmhór den scoth a chruthú. Ag brath ar fhiontair cheannasacha an tionscail, 1 go 2 phríomhfhiontar speisialaithe i réimsí na cruach dosmálta agus na cruach speisialta a chothú (...).'* Mar aon leis sin, ceanglaítear go sainráite ann *'[T]acú le cuideachtaí cruach díriú ar earnálacha iartheachtacha a uasghrádú agus ar threo forbartha tionscal straitéiseach atá ag teacht chun cinn, díriú ar bhaisceanna beaga agus cineálacha iomadúla príomhchruach amhail cruacha speisialta ardcháilíochta, cruacha cóimhiotail speisialta le haghaidh trealamh ardleibhéil a fhorbairt.'* ([39]).'

([25]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí leathán agus cornaí teorollta áirithe de chruach dhosmálta de thionscnamh na hIndinéise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine, aithris 119,http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/508/oj.
([26]) R. Garnaut, L. Song, C. Fang, (Eds.), *China's 40 Years of Reform and Development*, Australian National University Press, 2018, lch. 337.
([27]) Féach: https://www.btic.cn/about.html (arna rochtain an 16 Meitheamh 2025).
([28]) Féach: https://www.jcmeh.com/ (arna rochtain an 16 Meitheamh 2025).
([29]) Féach: Beijing Jingcheng Machinery Electric Company Ltd. Tuarascáil bhliantúil 2024, lch. 98, le fáil ag: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2025/2025-3/2025-03-29/10831510.PDF (arna rochtain an 16 Meitheamh 2025).
([30]) Féach: http://www.sinoma-jj.com/ (arna rochtain an 16 Meitheamh 2025).
([31]) Féach: https://www.cnbm.com.cn/ (arna rochtain an 16 Meitheamh 2025).
([32]) Féach: http://www.sasac.gov.cn/n2588045/n27271785/n27271792/c14159097/content.html (arna rochtain an 16 Meitheamh 2025).
([33]) Féach: http://wap.sasac.gov.cn/n2588045/n27271785/n27271792/c14159097/content.html (arna rochtain an 16 Meitheamh 2025).
([34]) Féach: http://wap.sasac.gov.cn/n2588045/n27271785/n27271792/c14159097/content.html (arna rochtain an 16 Meitheamh 2025).
([35]) Féach: https://www.baoganggf.com/gsjj (arna rochtain an 16 Meitheamh 2025).
([36]) Féach: Shougang Group Co., Ltd. Tuarascáil Bhliantúil maidir le Bannaí Corparáideacha (2024), lch. 7, le fáil ag https://static.sse.com.cn/disclosure/bond/announcement/company/c/new/2025-04-30/115684_20250430_CTMM.pdf (arna rochtain an 16 Meitheamh 2025).
([37]) Féach: https://www.shougang.com.cn/sgweb/html/index.html (arna rochtain an 16 Meitheamh 2025).
([38]) Féach: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2022-02/08/content_5672513.htm (arna rochtain an 16 Meitheamh 2025).
([39]) Ibid.

(79) Tá sampla eile de rún Rialtas na Síne idirghabháil a dhéanamh san earnáil le fáil sa 14ú Plean Cúig Bliana ar dá réir a '*cloífidh an earnáil leis an meascán de cheannaireacht sa mhargadh agus de chur chun cinn an rialtais*'agus '*grúpa cuideachtaí ceannródaíocha a chothú ag a bhfuil ceannaireacht éiceolaíoch agus croí-iomaíochas*' ([40]).

(80) Ina theannta sin, leagtar amach na cuspóirí seo a leanas i bPlean Oibre MIIT 2023 maidir le Fás Cobhsaí an Tionscail Cruach ([41]) : '*In 2023, [...] coinneofar fás leanúnach ar bun leis an infheistíocht i sócmhainní seasta sa tionscal ar fad, agus cuirfear feabhas mór ar na tairbhí eacnamaíocha; sroichfidh infheistíocht T & F an tionscail 1 % ar deireadh; sroichfidh fás breisluacha an tionscail thart ar 3 %; in 2024, déanfar timpeallacht forbartha an tionscail agus struchtúr an tionscail a bharrfheabhsú a thuilleadh, leanfar den aistriú chuig táirgí glasa, cliste agus ardleibhéil agus sáróidh fás breisluacha an tionscadail 4 %*', agus déantar foráil sa phlean oibre maidir le comhdhlúthú corparáideach na hearnála cruach, arna shainordú ag an rialtas: '*[f]iontair atá chun tosaigh sa tionscal a spreagadh chun cumaisc agus éadálacha a chur chun feidhme, grúpaí fiontair iarainn agus cruach ollmhór den chéad scoth a thógáil, agus an leagan amach is fearr is féidir ar acmhainneacht táirgeachta náisiúnta iarainn agus cruach a chothú. Tacú le fiontair speisialaithe a bhfuil cumhacht cheannródaíoch acu go háirithe deighleoga den mhargadh cruach chun acmhainní a chomhtháthú a thuilleadh agus éiceachóras tionscail cruach a chruthú. Fiontair iarainn agus cruach a spreagadh chun [...] cumaisc agus atheagrúcháin thrasréigiúnacha a dhéanamh [...]. Machnamh a dhéanamh ar thacaíocht bheartais níos fearr a thabhairt d'fhiontair iarainn agus cruach a bhfuil cumaisc agus atheagrú substainteach curtha i gcrích acu.*'

(81) Is féidir samplaí comhchosúla de rún Rialtas na Síne maoirseacht agus treoir a thabhairt d'fhorbairtí na hearnála a fheiceáil ar an leibhéal cúige, amhail in Hebei inar eisigh an rialtas cúige an Plean Gníomhaíochta Trí Bliana maidir le Forbairt Braislí i Slabhra an Tionscail Cruach in 2020. Leis an bplean sin, ceanglaítear '*forbairt grúpa eagraíochtaí a chur chun feidhme go seasta, dlús a chur leis an athchóiriú ar úinéireacht mheasctha cuideachtaí faoi úinéireacht stáit, díriú ar chumasc trasréigiúnach agus atheagrú fiontar príobháideach iarainn agus cruach a chur chun cinn, agus gach iarracht a dhéanamh 1-2 ghrúpa mhóra den chéad scoth a bhunú, 3-5 ghrúpa mhóra a bhfuil tionchar intíre acu.*' ([42]) Thairis sin, luaitear an méid seo a leanas i bplean Hebei san earnáil cruach: *'Cloí le coigeartú struchtúrach agus béim a leagan ar éagsúlú táirgí. Coigeartú struchtúrach agus optamú leagan amach an tionscail iarainn agus cruach a chur chun cinn go daingean, comhdhlúthú, atheagrú, claochlú agus uasghrádú fiontar a chur chun cinn, agus forbairt an tionscail iarainn agus cruach a chur chun cinn go cuimsitheach i dtreo fiontair mhórscála, nuachóiriú trealaimh theicniúil, éagsúlú próiseas táirgthe, agus éagsúlú táirgí iartheachtacha* ([43]).'

(82) Go sonrach a mhéid a bhaineann leis na hionchuir a úsáidtear chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh, ceanglaítear le Plean Hebei '*dlús a chur le forbairt agus cur i bhfeidhm príomhábhar cruach ardleibhéil agus nua, cion na gcineálacha cruach speisialta agus ardcháilíochta a mhéadú, cobhsaíocht cáilíochta táirgí móra agus fadréimseacha buntáisteacha a neartú, agus struchtúr táirgí "pirimide" a chruthú. Faoi dheireadh 2020, méadófar an cion de ghnáthchruach íseal-chóimhiotail agus de chruach chóimhiotail go 20 %, agus faoi dheireadh 2022, sroichfidh sé thart ar 25 %, rud a sholáthróidh tacaíocht agus ráthaíocht chun tionscail iartheachtacha a uasghrádú.*' ([44])

(83) Ar an gcaoi chéanna, ceanglaítear le Plean Cur Chun Feidhme Henan maidir leis an Tionscal Cruach a Chlaochlú agus a Uasghrádú le linn an 14ú Plean Cúig Bliana, '*díriú ar riachtanais straitéiseacha náisiúnta, treoir a thabhairt d'fhiontair chun optamú agus uasghrádú struchtúr na dtáirgí a chur chun cinn, cruach speisialta ardcháilíochta, cruach innealtóireachta muirí ardfheidhmíochta, cruach cóimhiotail speisialta do threalamh ardleibhéil, cruach le haghaidh bunpháirteanna bunúsacha cruach agus príomhchineálacha 'speisialta, mín, ard' eile a fhorbairt, agus feabhas a chur ar bhreisluach agus iomaíochas táirgí cruach.*' ([45])

([40]) Féach Roinn IV, Foroinn 3 den 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Tionscal na n-Amhábhar a Fhorbairt.

([41]) Féach: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2023/art_2a4233d696984ab59610e7498e333920.html (arna rochtain an 16 Meitheamh 2025).

([42]) Féach Plean Gníomhaíochta Trí Bliana Cúige Hebei maidir le Forbairt Braisle sa Slabhra Tionscal Cruach, Caibidil II, Roinn 3.8; le fáil ag: https://huanbao.bjx.com.cn/news/20200717/1089773.shtml (arna rochtain an 17 Márta 2025).

([43]) Ibid, Caibidil I, Roinn 2.

([44]) Ibid, Caibidil I, Roinn 3.2.

([45]) Féach Plean Chur Chun Feidhme Henan maidir le hAthchóiriú agus Uasghrádú an Tionscail Cruach le linn an 14ú Plean Cúig Bliana, Caibidil II, Roinn 3; le fáil ag: https://huanbao.bjx.com.cn/news/20211210/1192881.shtml (arna rochtain an 17 Márta 2025).

(84) Go sonrach, in Zhejiang, áit a bhfuil Zhejiang Winner Fire Fighting Equipment Co., Ltd. lonnaithe, féachann Rialtas na Síne le *'comhtháthú nuálach fiontar réamhtheachtach agus iartheachtach a fhiosrú agus a chur ar bun i réimse na príomhchruach le haghaidh trealaimh*. ([46])'

(85) Tá tuilleadh cuspóirí beartais thionsclaíoch le feiceáil freisin i ndoiciméid phleanála cúigí eile, amhail Jiangsu ([47]), Shandong ([48]), nó Shanxi ([49]).

(86) Chomh maith leis sin, déanann Rialtas na Síne idirghabháil ar an leibhéal áitiúil sa tionscal cruach freisin. Mar shampla, *'bhunaigh na cúig chathair i ndeisceart Jiangsu, lena n-áirítear Nanjing, Wuxi, Suzhou, Changzhou agus Zhenjiang, de réir a chéile córas speisialta tionscail cruach agus cóimhiotail ardleibhéil ag a bhfuil príomhchineálacha, cineálacha ardleibhéil agus saoráidí tacaíochta iomlána, lena gcruthaítear cúig shlabhra tionsclaíocha buntáisteacha lena n-áirítear plátaí cruach speisialta ardfheidhmíochta Nanjing, barraí cruach speisialta Wuxi, sreanga cruach speisialta Suzhou ar ardchaighdeán, cruach dhosmálta ardcháilíochta Changzhou, agus cóimhiotail ardleibhéil Zhenjiang. Tá an scála tionsclaíoch agus an t-iomaíochas cuimsitheach sa chéad áit sa tír* ([50]).'

(87) Sampla eile de stiúradh éifeachtach ag Rialtas na Síne trí na pleananna is ea Fógra Choiste Páirtí Ansteel Group Co., Ltd. maidir le spiorad an 20ú Comhdháil Náisiúnta de chuid an Pháirtí a staidéar, a phoibliú agus a chur chun feidhme go coinsiasach ([51]). Maítear san fhógra go ndéanfaidh Ansteel Group pleananna treoraíochta a chur chun feidhme go coinsiasach agus go gcuirfidh sé in iúl iad do chomhaltaí den Pháirtí, do bhaill foirne agus d'fhostaithe an ghrúpa ar fad ar bhealach níos fearr.

(88) Maidir le Rialtas na Síne a bheith in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, deimhníodh leis an imscrúdú go bhfuil forluí ann idir seasaimh bhainistíochta agus ballraíocht/feidhmeanna Pháirtí Cumannach na Síne san earnáil faoi imscrúdú freisin. Mar shampla, tá Cathaoirleach Beijing Jingcheng Machinery Electric Company Ltd. ina rúnaí ar an gCoiste Páirtí ([52]) freisin agus áirithíonn sé go ndéanann a fhochuideachta Tianjin Tianhai High Pressure Container Corp., Ltd. '*cur chun feidhme na straitéise (...) a chur chun cinn agus a seacht ndícheall a dhéanamh chun cath deireanach an 14ú Plean Cúig Bliana a bhuachan*. ([53])' Thairis sin, fónann Cathaoirleach China National Building Materials Group Co., Ltd mar Rúnaí ar an gCoiste Páirtí freisin ([54]) .

(89) Ina theannta sin, glacann China National Building Materials Group Co., Ltd *'freagracht air (...) freastal ar na mórthionscadail náisiúnta, freastal ar láthair chatha an gheilleagair náisiúnta' agus in éineacht lena fhochuideachtaí 'tá iarrachtaí gan staonadh déanta aici chun forbairt ardcháilíochta an tionscail stórála agus iompair gáis a chur chun cinn*. ([55])'

(90) Thairis sin, ós rud é go bhfuil an táirge faoi imscrúdú agus ina fho-earnáil den earnáil cruach, tá faisnéis atá ar fáil maidir le táirgeoirí cruach ábhartha freisin don táirge faoi imscrúdú.

([46]) Plean Gníomhaíochta Chúige Zhejiang chun Forbairt Ardcháilíochta ar an Tionscal Cruach a Chothú: 'Cumaisc agus atheagrú fiontair a chothú, an próiseas comhchruinnithe a luathú, líon na bhfiontar bruithnithe cruach a laghdú go dtí thart ar 10 bhfiontar'; le fáil ag: https://www.jiaxing.gov.cn/art/2022/4/20/art_1228922756_59529426.html (arna rochtain an 16 Meitheamh 2025).

([47]) Plean Oibre Chúige Jiangsu maidir leis an Earnáil Cruach a Athchóiriú agus a Uasghrádú agus Barrfheabhsú a Dhéanamh ar an Leagan Amach 2019-2025; le fáil ag: http://www.jiangsu.gov.cn/art/2019/5/5/art_46144_8322422.html (arna rochtain an 16 Meitheamh 2025).

([48]) An 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Chúige Shandong maidir le Forbairt an Tionscail Cruach; le fáil ag: https://m.mysteel.com/21/1119/11/DFD9D26D73D90F7D_abc.html (arna rochtain an 16 Meitheamh 2025).

([49]) Plean Gníomhaíochta 2020 Chúige Shanxi um Chlaochlú agus Uasghrádú an Tionscail Cruach; le fáil ag: https://m.mysteel.com/20/0715/11/7BF7729C99CEB3EA_abc.html (arna rochtain an 16 Meitheamh 2025).

([50]) Féach: https://www.nanjing.gov.cn/zgnjsjb/jrtt/202501/t20250123_5063880.html (arna rochtain an 16 Meitheamh 2025).

([51]) Féach: http://www.ansteel.cn/dangdejianshe/dangjiandongtai/2023-03-17/12429.html (arna rochtain an 16 Meitheamh 2025).

([52]) Féach: https://www.btic.cn/news/show-368.html (arna rochtain an 16 Meitheamh 2025).

([53]) Ibid.

([54]) Féach: https://www.cnbm.com.cn/CNBM/0000000100020006/index.html (arna rochtain an 17 Meitheamh 2025).

([55]) Féach: https://www.cnbm.com.cn/CNBM/0000000700020006/64023.html (arna rochtain an 17 Meitheamh 2025).

(91) Mar shampla, feidhmíonn Cathaoirleach an Bhoird Stiúrthóirí agus Bainisteoir Ginearálta Baoshan Iron and Steel Ltd., táirgeoir cruach arb é Baowu Steel Group a scairshealbhóir rialaithe, mar Rúnaí agus mar Leas-Rúnaí Choiste Páirtí na cuideachta faoi seach freisin ([56]). Chomh maith leis sin, tá Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Wuhan Iron and Steel Group, atá faoi rialú Baowu Steel Group freisin, ina Rúnaí ar an gCoiste Páirtí ([57]). Thairis sin, '*thionóil Wuhan Iron and Steel Group an deichiú staidéar agus plé láraithe de chuid Ghrúpa Staidéir Teoirice Choiste an Pháirtí in 2022 chun spiorad na Lárchomhdhála Oibre Eacnamaíche a chur in iúl agus staidéar a dhéanamh uirthi agus chun cur chun feidhme chinntí agus shocruithe an 20ú Comhdháil Náisiúnta de chuid an Pháirtí agus spiorad na Lárchomhdhála Oibre Eacnamaíche in Wuhan Iron and Steel Group a chur chun cinn*. Bhí *[Ionadaí Ginearálta] Cheanncheathrú Baowu Wuhan na Síne, Rúnaí Choiste an Pháirtí agus Cathaoirleach Wuhan Iron and Steel Group, i gceannas ar an gcruinniú agus chuir sé ceanglais chun cinn maidir le ceanglais Choiste Lárnach an Pháirtí, Choiste Pháirtí Cúige Hubei agus Choiste Pháirtí Baowu na Síne a chur chun feidhme, agus spiorad na Comhdhála Lárnaí Oibre Eacnamaíche a chur chun feidhme a thuilleadh* ([58])'.

(92) Chomh maith leis sin, tá Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Baotou Steel Union, atá mar chuid de Baotou Steel Group, ina Rúnaí ar Choiste Páirtí na cuideachta. Ar an gcaoi chéanna, is Leas-Rúnaithe Páirtí iad Bainisteoir Feidhmiúcháin Baotou Steel Union agus Cathaoirleach cheardchumann na cuideachta ([59]). Ina theannta sin, feidhmíonn Shougang Group, Cathaoirleach an Bhoird Stiúrthóirí, mar Rúnaí an Choiste Páirtí, agus is é an Bainisteoir Feidhmiúcháin Leas-Rúnaí Choiste Páirtí na cuideachta ([60]). Ar deireadh, ag CITIC Pacific Special Steel, tá Cathaoirleach an Bhoird Stiúrthóirí agus Cathaoirleach an Bhoird Maoirseachta ina Rúnaí agus ina Leas-Rúnaí ar Choiste an Pháirtí faoi seach ([61]).

(93) Tá Comhlachas Tionscail Gáis Thionsclaíoch na Síne ([62]) ('CIGIA') ábhartha don táirge faoi imscrúdú toisc go bhfuil roinn curtha ar bun aige atá tiomnaithe do bhrú-threalamh ([63]). Is comhalta de Chónaidhm Thionscal Peitriliam agus Ceimiceán na Síne ('CPCIF') é CIGIA agus tá Leas-Uachtaránacht Feidhmiúcháin CPCIF aici ([64]). Leanann CPCIF ceannaireacht fhoriomlán Pháirtí Cumannach na Síne, déanann sé gníomhaíochtaí an Pháirtí, agus cuireann sé na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí páirtí ([65]). Thairis sin, '*Aireacht Gnóthaí Sibhialta is ea údarás clárúcháin agus bainistithe an Chomhlachais*' ([66]) agus áirítear ar na coinníollacha le bheith incháilithe mar ionadaí CPCIF '*cloí le ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne, tacú leis an sóisialachas a bhfuil saintréithe Síneacha aige, seasamh, prionsabail agus beartais an Pháirtí a chur chun feidhme go diongbháilte, agus dea-cháilíochtaí polaitiúla a bheith acu*' ([67]).

(94) Is comhalta de CIGIA é Beijing Jingcheng Machinery Electric Company Ltd. ([68]).

(95) Ar an gcaoi chéanna, sonraítear in Airteagal 2 d'Airteagail Chomhlachais Chomhlachas Iarainn agus Cruach na Síne ([69]) ('CISA'), a bhfuil mórtháirgeoirí iarainn agus cruach ina gcomhaltaí díobh, '*go bhfuil cuspóir an Chomhlachais le bheith á threorú ag líne, prionsabail agus beartais an Pháirtí*' agus luaitear in Airteagal 3 go '*gcloíonn an Comhlachas le ceannaireacht fhoriomlán Pháirtí Cumannach na Síne, go mbunaíonn sé eagrú Pháirtí Cumannach na Síne i gcomhréir le forálacha Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, go ndéanann sé gníomhaíochtaí an Pháirtí, agus go soláthraíonn sé na coinníollacha is gá le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíochtaí Páirtí* ([70]).'

([56]) Féach Tuarascáil Bhliantúil 2023 de chuid Baoshan Iron and Steel Ltd., leathanach 41 https://static.sse.com.cn/disclosure/listedinfo/announcement/c/new/2024-04-27/600019_20240427_B5D4.pdf (arna rochtain an 17 Meitheamh 2025).
([57]) Féach: https://www.wuganggroup.cn/people/3143 (arna rochtain an 17 Meitheamh 2025).
([58]) Féach: https://mp.weixin.qq.com/s?__biz=MjM5Njg2NjIwMQ==&mid=2654952836&idx=1&sn=505b807e2826f1e3e6f08ba15b727722&chksm=bd294c728a5ec564124024664954 5fda2b2065c015f861fa599249b2165962ca848a25a1faa2&token=1369557425&lang=zh_CN#rd (arna rochtain an 17 Meitheamh 2025).
([59]) Féach: https://www.baoganggf.com/ggry (arna rochtain an 17 Meitheamh 2025).
([60]) Féach: https://www.shougang.com.cn/p1/gsld.html (arna rochtain an 17 Meitheamh 2025).
([61]) Féach CITIC Pacific Special Steel, tuarascáil bhliantúil 2021 le fáil ag: https://www.citicsteel.com/uploadfile/2023/0923/20230923120145927.pdf (arna rochtain an 18 Meitheamh 2025).
([62]) Féach: http://www.cigia.org.cn/index.php?m=home&c=View&a=index&aid=1669 (arna rochtain an 17 Meitheamh 2025).
([63]) Féach: http://www.cigia.org.cn/?m=home&c=Lists&a=index&tid=233 (arna rochtain an 17 Meitheamh 2025).
([64]) Féach: http://www.cpcif.org.cn/detail/40288043661fd28501661fd4ed380000?e=1 (arna rochtain an 17 Meitheamh 2025).
([65]) Féach Airteagail Chomhlachais CPCIF, Airteagal 3, le fáil ag: http://www.cpcif.org.cn/detail/40288043661e27fb01661e386a3f0001?e=1 (arna rochtain an 17 Meitheamh 2025).
([66]) Ibid.
([67]) Féach Airteagail Chomhlachais CPCIF, Airteagal 36, le fáil ag: http://www.cpcif.org.cn/detail/40288043661e27fb01661e386a3f0001?e=1 (arna rochtain an 17 Meitheamh 2025).
([68]) Féach: http://www.cigia.org.cn/v/h2zywyh/h2zywyh_ldcy/ (arna rochtain an 17 Meitheamh 2025).
([69]) Féach: https://www.chinaisa.org.cn/gxportal/xfgl/portal/content.html?articleId=5b2ddec5eba936fba45d7bd801b09f6ff30d86776290601167 2eaeda213c54ac&columnId=0227750914a0f2a722c5b71b220e0aa19ceb0ee2cd7a7e325a35f6591cdbf66a (arna rochtain an 18 Meitheamh 2025).
([70]) Ibid.

(96) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm in earnáil cruach na Síne lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán, agus tá siad sin infheidhme go ginearálta maidir leis an táirge faoi imscrúdú ós rud é gur fo-earnáil den earnáil cruach é tionscal HPSC.

(97) Measann Rialtas na Síne i gcónaí gur príomhthionscal é an tionscal cruach ([71]). Deimhnítear é sin san iliomad pleananna, treoracha agus doiciméid eile atá dírithe ar an earnáil, pleananna, treoracha agus doiciméid a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus cathrach. Faoin 14ú Plean Cúig Bliana, chuir Rialtas na Síne an tionscal cruach in áirithe lena chlaochlú agus lena uasghrádú, chomh maith lena bharrfheabhsú agus lena choigeartú ar bhonn struchtúrach ([72]). Mar an gcéanna, sa 14ú Plean Cúig Bliana maidir leis an Tionscal Amhábhar a Fhorbairt, atá infheidhme freisin maidir leis an tionscal cruach, liostaítear an earnáil mar '*bhunchloch an fhíorgheilleagair*' agus '*príomhréimse a mhúnlaíonn buntáiste iomaíoch idirnáisiúnta na Síne*' agus socraítear roinnt cuspóirí agus modhanna oibre a spreagfadh forbairt na hearnála sa tréimhse ama 2021-2025, amhail uasghrádú teicneolaíochta, fheabhsú struchtúr na hearnála (trí bhíthin comhchruinnithe corparáideacha breise go háirithe) nó claochlú digiteach ([73]).

(98) Thairis sin, léirítear sa Phlean Oibre thuasluaite maidir le Fás Cobhsaí an Tionscail Cruach (féach aithris (80)) conas a chuirtear fócas údaráis na Síne ar an earnáil i gcomhthéacs níos leithne stiúradh gheilleagar na Síne ag Rialtas na Síne: '*tacú le cuideachtaí cruach chun na riachtanais atá le bonneagar nua, uirbiú nua, athbheochan tuaithe, agus tionscail atá ag teacht chun cinn a leanúint go dlúth, nascadh le mórthionscadail innealtóireachta a bhaineann leis an "14ú Plean Cúig Bliana" i réigiúin éagsúla, agus gach dícheall a dhéanamh chun an soláthar cruach a áirithiú. Sásraí comhair réamhtheachtacha agus iartheachtacha a bhunú agus a dhoimhniú idir an earnáil cruach agus príomhearnálacha a úsáideann cruach amhail longthógáil, iompar, tógáil, fuinneamh, gluaisteáin, fearais tí, innealra talmhaíochta, agus trealamh trom, gníomhaíochtaí nasctha éilimh ar tháirgeadh a dhéanamh, agus réimsí feidhme cruach a leathnú go gníomhach*' ([74]).

(99) Ar an leibhéal áitiúil, sa 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Shandong maidir le Forbairt an Tionscail Iarainn agus Cruach ([75]), éilítear an méid seo a leanas: *"Cruach le haghaidh peitriliam agus trealaimh cheimicigh: I gcomhréir le riachtanais fhorbairt an pheitriliam agus na gceimiceán, feidhmíocht na cruach a úsáidtear le haghaidh brú-threalaimh a ardú* ([76]) *(...)*'.

(100) Ar an leibhéal áitiúil freisin, in Jiangsu féachtar le '*díriú ar cruach a fhorbairt le haghaidh gluaisteán, iarnród ardluais, long, iompar ola agus gáis* [...] *Faoi 2025, sroichfidh scála an tionscail thart ar 90 billiún yuan* ([77])' agus i roinnt bardas, bunaíodh '*Braise Speisialta Ábhar Cruach*' [..] *agus iad ag iarraidh aschur dar luach 1 trilliún RMB a bheith ag tionscail faoi stiúradh braisle a bhaint amach faoi 2027* ([78])'

(101) Sa bhreis ar an méid thuas, liostaíodh Sinoma Science & Technology Co., Ltd mar 'fathach beag' ([79]). Sainmhíníonn Rialtas na Síne '*fathaigh bheaga*' *mar 'scoth nua na bhfiontar beag agus meánmhéide sa tSín atá i mbun monaraíochta, a dhéanann speisialtóireacht i margadh nideoige agus ina bhfuil teicneolaíochtaí ceannródaíocha ar thús cadhnaíochta*' agus tá sé beartaithe acu *'tacaíocht a mhéadú do 'fhathaigh bheaga' le linn na tréimhse 2024-2026, agus béim á leagan ar phríomhshlabhraí tionsclaíocha, ar thionscail straitéiseacha atá ag teacht chun cinn agus ar earnálacha eile. Úsáidfear na cistí sin chun na gnólachtaí sin a spreagadh chun dul i ngleic le dúshláin theicneolaíocha, táirgí nua a fhorbairt, acmhainneachtaí tacaíochta an tslabhra thionsclaíoch a fhorbairt, agus tacú le rialtais áitiúla chun 'fathaigh bheaga' a chothú.* ([80])

(102) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh le cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear táirgeadh na bpríomh-amhábhar a úsáidtear i monaraíocht an táirge faoi imscrúdú. Cuireann bearta den sórt sin bac ar fhórsaí an mhargaidh a oibriú gan bhac.

(103) Níor léirigh an t-imscrúdú seo aon fhianaise nach mbeadh tionchar ar chur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú easnamhach na ndlíthe féimheachta agus maoine san earnáil cruach, de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, ar mhonaróirí an táirge faoi imscrúdú.

([71]) Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 346 ff.

([72]) Féach an 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Dhaon Phoblacht na Síne um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta agus Cuspóirí Fadraoin do 2035, Cuid III, Airteagal VIII, le fáil ag: https://cset.georgetown.edu/publication/china-14th-five-year-plan/ (arna rochtain an 17 Meitheamh 2025).

([73]) Féach go háirithe Roinn I agus II den 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt.

([74]) Féach: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2023/art_2a4233d696984ab59610e7498e333920.html (arna rochtain an 17 Meitheamh 2025).

([75]) Féach: ag : http://gxt.shandong.gov.cn/module/download/downfile.jsp?classid=0&filename=1f79d908601e479f83707e67b133e347.pdf (arna rochtain an 18 Meitheamh 2025).

([76]) Ibid., féach lch. 14.

([77]) Féach an 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Bhardas Nianjing maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta agus peirspictíochtaí 2035, Roinn XV.2, le fáil ag: https://www.nanjing.gov.cn/xxgkn/zt/ghxxgk_70036/ssw/fzgh_70038/202111/t20211110_3185195.html (arna rochtain an 18 Meitheamh 2025).

([78]) Féach: https://www.nanjing.gov.cn/zgnjsjb/jrtt/202501/t20250123_5063880.html (arna rochtain an 18 Meitheamh 2025).

([79]) Féach: https://www.cnbm.com.cn/CNBM/0000000700020006/64023.html (arna rochtain an 17 Meitheamh 2025).

([80]) Féach: https://english.www.gov.cn/news/202406/19/content_WS6672c84ac6d0868f4e8e8531.html#:~:text=China%20will%20scale%20up%20support,of%20Industry%20and%20Information%20Technology (arna rochtain an 18 Meitheamh 2025).

(104) Ina theannta sin, tá an táirge faoi imscrúdú faoi thionchar an tsaofa ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán, mar a thagraítear thuas in aithris (53) dó freisin. Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn an táirge faoi imscrúdú nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach araon (le linn rochtain ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín) ([81]).

(105) Thairis sin, níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú reatha lenar léiríodh nach ndéanann idirghabháil an rialtais sa chóras airgeadais aon difear d'earnáil an táirge faoi imscrúdú de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (53). Tugann an 'Plean Oibre maidir le Fás Cobhsaí' thuasluaite (féach aithris (78) léiriú an-mhaith ar an gcineál idirghabhála sin ón rialtas freisin: *'Institiúidí airgeadais a spreagadh chun seirbhísí airgeadais a sholáthar go gníomhach do chuideachtaí cruach a chuireann cumaisc agus atheagrúcháin, coigeartuithe leagan amach, claochlú agus uasghrádú a chur chun feidhme, i gcomhréir le prionsabail an rialaithe riosca agus na hinbhuanaitheachta gnó.'* Dá bhrí sin, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal mar gheall ar na hidirghabhálacha suntasacha rialtais sa chóras airgeadais.

(106) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún gur gá roinnt ionchur chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge faoi imscrúdú na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go mbíonn na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir saobhadh. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht atá faoi réir an tsaofa san earnáil airgeadais nó sa leithdháileadh caipitil. Ina theannta sin, tá siad faoi réir an chórais pleanála atá i bhfeidhm ar gach leibhéal rialtais agus earnála.

(107) Dá thoradh sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge faoi imscrúdú a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, saothar, etc.) toisc go ndéanann an idirghabháil shubstaintiúil ón rialtas difear dá bpraghasmhúnlú, mar a shonraítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a shonraítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar le fáil ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, gur táirgeadh ionchur sa tSín trí réimse tosca táirgeachta a chur le chéile agus go bhfuil an t-ionchur sin neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh atá maidir leis an ionchur le haghaidh an ionchuir agus mar sin de.

(108) Mar achoimre, léiríodh leis an bhfianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an tsaormhargaidh iad praghsanna ná costais an táirge faoi imscrúdú, lena n-áirítear costais amhábhar, fuinnimh agus saothair, toisc go ndéantar difear dóibh trí idirghabháil shubstaintiúil ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léirítear leis an tionchar iarbhír nó féideartha a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na gnéithe ábhartha a liostaítear ann. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin.

(109) Níor thug Rialtas na Síne barúil ná níor sholáthair sé fianaise lenar tacaíodh nó lenar bréagnaíodh an fhianaise atá sa cháschomhad faoi láthair, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a sholáthair an gearánach, maidir le saobhadh suntasach a bheith ann agus/nó maidir lena iomchuí atá cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás atá i gceist.

(110) Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil ó pháirtithe leasmhara i ndáil le saobhadh suntasach a bheith sa tSín.

(111) I bhfianaise an mhéid thuas, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a bhunú go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a thuairiscítear sa roinn seo a leanas.

([81]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444 ón gCoimisiún, aithris 63; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100 ón gCoimisiún, aithris 33.

3.4. **Tír ionadaíoch**

3.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(112) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil leis ollioncam náisiúnta per capita atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([82]);

— Táirgeacht an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;

— Gurb ann do shonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch;

— I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(113) Mar a mhínítear in aithrisí (47) go (48), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta i gcomhair an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a shuí: céad nóta maidir leis na foinsí chun gnáthluach an 13 Feabhra 2025 a chinneadh (dá ngairtear 'an chéad nóta' anseo feasta) agus an dara nóta an 7 Márta 2025 maidir leis na tosca táirgeachta amhail príomh-amhábhair, fuinneamh, uisce, gal, tomhaltáin agus saothar a úsáidtear i dtáirgeadh sorcóirí ardbhrú cruach gan uaim (dá ngairtear 'an dara nóta' anseo feasta). Tugadh tuairisc sna nótaí sin maidir leis an ngnáthluach agus na tosca táirgeachta a chinneadh ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha a luaitear in aithris (112), agus tugadh aghaidh iontu freisin ar na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara isteach maidir leis na tosca sin agus maidir leis na foinsí ábhartha atá beartaithe chun an gnáthluach a chinneadh.

3.4.2. *Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín*

(114) Sa chéad nóta maidir le tosca táirgeachta, shainaithin an Coimisiún an Bhrasaíl, an Airgintín agus an Tuirc mar thíortha lena mbaineann leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an tSín de réir an Bhainc Dhomhanda, i.e. aicmíonn an Banc Domhanda iad go léir mar thíortha 'ard-mheánioncaim' ar bhonn ollioncam náisiúnta i gcás inarb eol go dtáirgtear an táirge faoi imscrúdú.

(115) Sa dara nóta, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige an Tuirc a mheas ar deireadh mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo, dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

3.4.3. *Gur ann do shonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch*

(a) An chéad nóta

(116) Sa chéad nóta, chuir an Coimisiún liosta ar fáil de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, fuinneamh, uisce agus saothar a úsáidtear chun sorcóirí ardbhrú cruach gan uaim a tháirgeadh.

(117) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an gcéad nóta ón dá tháirgeoir shampláilte Tianjin Tianhai High Pressure Container Corp., Ltd., Zhejiang Winner Fire Fighting Equipment Co., Ltd agus ó na gearánaigh.

(118) Mheas na gearánaigh gurb í an Bhrasaíl an rogha is leordhóthanaí toisc go raibh faisnéis airgeadais ar fáil go héasca do tháirgeoir táirgí cruach a aithnítear go forleathan (e.g. Arcelor Mittal S.A. (an Bhrasaíl)), agus an Tuirc ina dhiaidh sin, agus mheas sí gur tír ionadaíoch fhéideartha í freisin. Mheas na gearánaigh nár cháiligh an Airgintín mar thír ionadaíoch.

(119) Mheas Tianjin Tianhai High Pressure Container Corp., Ltd. ('Tianjin Tianhai') freisin gur cheart an Airgintín a chur as an áireamh in éagmais sonraí airgeadais ábhartha atá ar fáil go héasca maidir leis an táirgeoir áitiúil sainaitheanta. Chuir sé in iúl freisin gurbh fhearr léi gurb í an Tuirc an rogha is iomchuí. Thug Tianjin Tianhai dá aire freisin, tar éis scrúdú a dhéanamh ar shonraí airgeadais Arcelor Mittal S.A., gur oibrigh an chuideachta sin in earnáil atá gaolmhar ach éagsúil (NACE 24) leis an táirge faoi imscrúdú (NACE 25). Thairis sin, mheas an chuideachta sin nach raibh an corrlach brabúis ríofa réasúnta agus gur áiríodh go míchuí leis an gcorrlach brabúis sin roinnt gnéithe ba cheart a eisiamh ó ríomh an chorrlaigh dumpála.

([82]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncaim, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

(120) Maidir leis an mBrasaíl, chinn an Coimisiún, bunaithe ar chód earnála NACE 24, nach raibh an chuideachta sin gníomhach go deimhin in earnáil an táirge faoi imscrúdú. Ina theannta sin, chinn an Coimisiún go raibh na ráitis airgeadais a bhí ar fáil do tháirgeoir an táirge faoi imscrúdú sa Bhrasaíl, Mat Equipamentos Para Gases Ltda, as dáta toisc gur bhain siad leis an mbliain 2016, i.e. i bhfad roimh thréimhse imscrúdúcháin na n-imeachtaí seo.

(121) Mheas Zhejiang Winner Fire Fighting Equipment Co., Ltd. ('Winner') nach bhféadfadh an Bhrasaíl, an Airgintín ná an Tuirc cáiliú mar thíortha ionadaíocha féideartha don imscrúdú seo. De rogha air sin, mhol Winner an Cholóim mar thír ionadaíoch ina bharúil ar an gcéad nóta agus ar an dara nóta araon.

(122) A mhéid a bhaineann leis an Tuirc, cé go n-aithníonn sé nach raibh aon fhaisnéis ar fáil go héasca maidir le cuideachtaí sonracha a tháirgeann an táirge faoi imscrúdú, d'fhéadfadh an Coimisiún, áfach, faisnéis airgeadais oiriúnach a shainaithint a bheadh ar fáil don earnáil a tháirgeann an táirge faoi imscrúdú le haghaidh na bliana 2023 (C-Monaraíocht > 25.2- Monarú umar, taiscumar agus coimeádán miotail) ([83]). Bhí forluí páirteach idir an fhaisnéis sin agus an tréimhse imscrúdúcháin agus d'fhéadfadh sé a bheith ábhartha don aon chuideachta amháin a tháirgeann an táirge faoi imscrúdú, is é sin CMV Cylinders Endustri Sanayi Ve Ticaret A.S ('CMV') ([84]), a bhaineann leis an earnáil shonrach sin.

(123) D'áitigh Winner freisin i gcoinne rogha na Tuirce ar an bhforas gur chuir sé bearta frithdhumpála i bhfeidhm freisin ar allmhairí píopaí cruach gan uaim áirithe (lena n-áirítear táirge faoi chód HS 730439 agus 730459) ó bhí 2016 ann.

(124) Mhaígh na gearánaigh freisin go raibh an boilsciú sa Tuirc ard, rud a d'fhág go raibh luaineacht ard praghsanna ann agus gur spreag sé idirghabhálacha rialtais arís agus arís eile. D'áitigh na gearánaigh nach raibh sa ráta boilscithe sa Bhrasaíl ach 4 % in 2023.

(125) D'áitigh Winner go bhféadfadh ráta ard boilscithe sa Tuirc agus dímheas leanúnach Lira na Tuirce in aghaidh dhollar na Stát Aontaithe praghsanna intíre a mhéadú trí allmhairí earraí amhail fuinneamh agus amhábhair, agus gur lean praghsanna allmhairiúcháin de bheith ag méadú in ainneoin beartais airgeadaíochta a chuir an Rialtas i bhfeidhm chun srian a chur le boilsciú.

(126) Thug an Coimisiún dá aire go raibh brúnna boilscitheacha suntasacha sa Bhrasaíl agus sa Tuirc araon in 2022, agus buaicphointe ráta na Tuirce i bhfad níos airde ná buaicphointe ráta na Brasaíle, a bhí fós chomh hard le 9.2 % in 2022. Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil laghdú de réir a chéile tagtha ar rátaí boilscithe sa dá náisiún sna blianta ina dhiaidh sin, agus gur tháinig laghdú níos géire ar ráta na Tuirce ná mar a tháinig ar ráta na Brasaíle.

(127) Thug an Coimisiún dá aire freisin, cé go bhféadfadh boilsciú difear a dhéanamh do chostas an tsaothair nó an fhuinnimh, go raibh praghsanna allmhairiúcháin a bhí mar bhonn le tagarmharcanna a shocrú don chuid is mó de na tosca táirgeachta, bunaithe ar idirbhearta trasteorann a rinneadh de ghnáth in airgeadraí eile seachas airgeadraí na tíre allmhairiúcháin agus, dá bhrí sin, nach ndearna boilsciú difear dóibh. Ina theannta sin, dhéanfaí tagarmharcanna a chomhshó go hairgeadra na tíre lena mbaineann, sa chaoi nach mbeadh tionchar suntasach ag an mboilsciú, a bhaineann go minic le díluacháil airgeadra.

(128) Maidir leis an gColóim, a mhol Winner mar thír ionadaíoch, thug an Coimisiún dá aire, ar an gcaoi chéanna leis an tSín, go dtagann an tír sin faoi chatagóir na dtíortha 'ard-mheánioncaim' de réir aicmiú an Bhainc Dhomhanda.

(129) D'aithin Winner freisin Ternium S.A. ([85]), cuideachta liostaithe a mhonaraíonn táirgí cruach sa Cholóim. Mar sin féin, ní raibh aon fhianaise ar fáil a léiríonn go raibh aschur na cuideachta sin gar don táirge faoi imscrúdú. Thairis sin, ar an gcaoi chéanna le Arcelor Mittal S.A., thug an Coimisiún dá aire gur oibrigh an chuideachta sin in earnáil atá gaolmhar ach éagsúil (NACE 24) leis an táirge faoi imscrúdú. Ar deireadh, chuir Winner ráitis airgeadais ar fáil lenar cumhdaíodh grúpa Ternium ina iomláine agus ní hamháin Ternium Colombia S.A.S.

([83])) https://www3.tcmb.gov.tr/sektor/#/en/C/252/manufacture-of-tanks-reservoirs-and-containers-of-metal.

([84]) Is cuideachta é https://cmvcylinders.com/en/ (CMV) atá speisialaithe i dtáirgeadh sorcóirí gáis cruach gan uaim, a bunaíodh in 2006 tar éis gléasra a fháil a mhonaraíonn sorcóirí speisialta le haghaidh úsáid mhíleata atá suite i dtuaisceart na hIodáile. A bhuí le hinfheistíochtaí móra, aistríodh na saoráidí táirgthe uile go dtí an Tuirc agus go sonrach chuig mol tionsclaíoch Manisa cúpla ciliméadar ó Izmir. Tógadh an leagan amach nua táirgthe leis na teicneolaíochtaí is déanaí chun solúbthacht agus cáilíocht táirgí a mhéadú de réir na gcaighdeán margaidh is airde le haghaidh sorcóirí).

([85]) https://www.ternium.com/es/hecho-con-acero.

(130) Ina theannta sin, thug an Coimisiún dá aire go raibh srianta agus rialacháin shonracha trádála ag an gColóim i bhfoirm bearta frithdhumpála ar allmhairí tosca táirgeachta áirithe arna dtuairisciú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne; i.e.:

— feadáin chruach chóimhiotail áirithe gan uaim 730459 ([86]); agus

— feadáin, píobáin agus próifílí tolla gan uaim d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail a aicmítear faoi chód CC 730439. ([87])

(131) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach bhféadfaí an Cholóim sa chás seo, ná an chuideachta a chuir Winner i láthair, a mheas agus an tír ionadaíoch iomchuí á roghnú.

(b) An dara nóta

(132) Tugadh aghaidh ar na barúlacha uile maidir leis an gcéad nóta sa dara nóta seo agus deimhníodh na foinsí ábhartha a bhí beartaithe ag an gCoimisiún a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Leis an dara nóta, cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi rogha na Tuirce mar an tír ionadaíoch. Tugadh forléargas in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an dara nóta ar na staitisticí allmhairiúcháin sa Tuirc bunaithe ar Global Trade Atlas ('GTA') le haghaidh na dtosca táirgeachta uile a liostaítear in Iarscríbhinn I (féach aithris (149). Chuir sé in iúl freisin do na páirtithe leasmhara go mbunódh sé costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('costais SGA') agus brabúis bunaithe ar na sonraí ó bhunachar sonraí Türkiye Cumhuriyet Merkez Bankasi (TCMB) ([88]) le haghaidh Earnáil 25.2 (monarú umar, taiscumar agus coimeádán miotail) chun an gnáthluach a ríomh. Mar sin féin, ós rud é nár sainaithníodh forchostais mhonaraíochta ar leithligh sna figiúirí ón gcuntas brabúis agus caillteanais a bhí ar fáil agus gur measadh iad a bheith san áireamh i gcostas na n-earraí a díoladh, bhí an luach le haghaidh forchostais mhonaraíochta bunaithe ar shonraí sonracha an táirgeora onnmhairiúcháin sampláilte agus cuireadh i bhfeidhm iad ar chostas 'athríofa' na monaraíochta.

(133) Sa dara nóta sin, chuir an Coimisiún in iúl go raibh sé beartaithe aige úsáid a bhaint as na staitisticí a d'fhoilsigh Institiúid Staidrimh na Tuirce ([89]) maidir le saothar, mar an fhoinse staidrimh is iontaofa don toisc sin. Go deimhin, d'fhoilsigh an institiúid sin faisnéis mhionsonraithe maidir le costais saothair in earnálacha eacnamaíocha éagsúla sa Tuirc. Shonraigh an Coimisiún go raibh sé beartaithe aige an tagarmharc a shuí bunaithe ar mheánchostais saothair in aghaidh na huaire do 2022 don ghníomhaíocht eacnamaíoch Chód NACE 24 de 'Monarú Táirmhiotal' de réir aicmiú NACE Rev.2. Rinneadh na luachanna a choigeartú a thuilleadh le haghaidh boilscithe ag baint úsáid as an treoir-innéacs praghsanna do thomhaltóirí intíre chun na costais ([90]) don tréimhse imscrúdúcháin a léiriú.

(134) D'áitigh na gearánaigh, dá bhrí sin, gur cheart don Choimisiún costais saothair a úsáid a bhí ionadaíoch do mhéid iomlán an chostais saothair sa tír ionadaíoch, go háirithe trí úsáid a bhaint as figiúirí ar léir go raibh siad iontaofa, amhail Eurostat. Dá bhrí sin, d'áitigh na Gearánaigh gur cheart don Choimisiún brath ar fhigiúirí Eurostat, a measadh a bheith níos iontaofa ná staitisticí arna bhfoilsiú ag Institiúid Staidrimh na Tuirce.

(135) Luaigh na gearánaigh, áfach, dá gcoinneofaí an cur chuige sin ar bun mar sin féin, gur cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil maidir le huaireanta oibre seachtainiúla iarbhír agus meánchostas saothair míosúil de réir gníomhaíocht eacnamaíoch seachas 'Meánuaireanta íoctha míosúla, ollphá agus tuilleamh de réir gníomhaíocht eacnamaíoch' 2022 mar a leagtar amach sa dara nóta ([91]). Thug na Gearánaigh dá n-aire freisin go ndearnadh gannmheastachán ar chostais na bhfostóirí le haghaidh ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus ranníocaíochtaí ciste dífhostaíochta sa Tuirc, ós rud é nach raibh ach 22,75 % de dhliteanas árachais iomlán na bhfostóirí as na costais saothair iomlána.

([86]) https://globaltradealert.org/state-act/956 and https://www.tariffnumber.com/2023/73043983.
([87]) https://www.mincit.gov.co/mincomercioexterior/defensa-comercial/dumping/investigaciones-antidumping-en-curso/perfiles-de-acero-aleado-y-sin-alear-en-lamina-gal.
([88]) https://www3.tcmb.gov.tr/sektor/#/en/C/252/manufacture-of-tanks-reservoirs-and-containers-of-metal.
([89]) https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Structure-of-Earnings-Statistics-2022-49750&dil=2.
([90]) TurkStat, Innéacsanna costais saothair, 2009-2024 [2021=100]/ https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Labour-Input-Indices-Quarter-I:-January-March,-2024-53682&dil=2.
([91]) AD724_HPSC_2ú Nóta maidir le foinsí chun an gnáthluach a chinneadh (t25.003184).

(136) D'áitigh an Coimisiún gurb é úsáid a bhaint as na staitisticí a d'fhoilsigh Institiúid Staidrimh na Tuirce maidir le saothar, de réir mar a choigeartaítear don bhoilsciú trí úsáid a bhaint as an innéacs praghsanna intíre do thomhaltóirí chun na costais le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin a léiriú, fós an fhoinse staidrimh is iontaofa don toisc táirgeachta sin.

(137) D'athdhearbhaigh na gearánaigh go raibh leibhéal níos ísle allmhairí ag an mBrasaíl de na príomhthosca táirgeachta ón tSín ná an Tuirc agus an Airgintín. Dá bhrí sin, d'áitigh siad gur lú an tionchar a bheadh ag aon saobhadh ar phraghas na n-ionchur ar phraghsanna foriomlána na dtosca táirgeachta.

(138) Maidir leis an mBrasaíl agus leis an gcuideachta a sainaithníodh sa chéad nóta mar tháirgeoir, eadhon Arcelor Mittal S.A., thug an Coimisiún dá aire nach raibh an táirge faoi imscrúdú á tháirgeadh aige agus, dá bhrí sin, nár iarrthóir oiriúnach é chun forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabús a chinneadh.

(139) In éagmais faisnéis eile ar comhad a bheith ar fáil don Choimisiún maidir le láithreacht cuideachtaí eile a tháirgeann an táirge faoi imscrúdú sa Bhrasaíl le sonraí airgeadais atá ar fáil go poiblí, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfaí a mheas a thuilleadh gur tír ionadaíoch iomchuí í an tír sin.

(140) Maidir le boilsciú, cé gur chomhaontaigh siad le dearbhú an Choimisiúin gur tháinig laghdú suntasach ar bhoilsciú sa Tuirc agus sa Bhrasaíl araon in 2023, d'áitigh na gearánaigh nach raibh sa ráta boilscithe sa Bhrasaíl ach 4 % in 2023. Ina theannta sin, mheas na gearánaigh go bhféadfadh treochtaí boilscitheacha difear a dhéanamh fós do phraghsanna idirbheart arna n-ainmniú in airgeadra seachas airgeadra na tíre allmhairiúcháin.

(141) In éagmais aonaid fhorlíontacha i staidreamh allmhairiúcháin a bhaineann le codanna d'fheistiú na sorcóirí amhail comhlaí lenar féidir tagarmharcanna fóinteacha a ríomh in aghaidh an phíosa, bhí sé beartaithe ag an gCoimisiún athscrúdú a dhéanamh ar an staid le linn an imscrúdaithe. Ag tabhairt dá n-aire nach raibh aon fhaisnéis atá infhíoraithe go simplí ar fáil maidir leis an modheolaíocht tiontaithe, chuir na Gearánaigh a n-imní in iúl maidir leis an gcur chuige atá beartaithe i leith praghas na gcomhlaí a chinneadh. Mheabhraigh na Gearánaigh go raibh comhshónna aonadmheáchain i measc na ngnéithe sin a d'fhéadfaí a úsáid go héasca chun figiúirí a tuairiscíodh a shaobhadh d'fhonn féachaint le corrlaigh dhumpála níos ísle a fháil.

(142) Le linn na gcuairteanna fíorúcháin ar an láthair a reáchtáiltear ag áitreabh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, d'fhéadfadh an Coimisiún a fhíorú go bhfuil táblaí tiontaithe na gcomhlaí in kg meaitseáilte leis na ceanglais deimhniúcháin. In aon chás, mar a mhínítear in aithris (155), aistríodh comhlaí chuig 'tomhaltáin' ionas nár ríomhadh aon tagarmharc don toisc táirgeachta áirithe sin.

(143) Maidir leis an Airgintín, in éagmais faisnéis eile ar comhad atá ar fáil don Choimisiún maidir le láithreacht cuideachtaí eile a tháirgeann an táirge faoi imscrúdú sa tír sin a bhfuil sonraí airgeadais acu atá ar fáil go poiblí, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfaí a mheas a thuilleadh gur tír ionadaíoch iomchuí í an tír sin.

(144) Ina bharúlacha maidir leis an dara nóta, d'athdhearbhaigh Winner go raibh an Cholóim fós ar an tír ionadaíoch is fearr toisc gur sholáthair sí dálaí eacnamaíocha níos cobhsaí agus sonraí trádála iontaofa. Rinne an Coimisiún anailís freisin ar allmhairí na bpríomhthosca táirgeachta sa Cholóim. Léiríodh san anailís ar shonraí allmhairiúcháin go ndearna allmhairí ón tSín difear d'allmhairí na bpríomhthosca táirgeachta isteach sa tír sin, agus dá bhrí sin nárbh fhéidir a mheas gur tír ionadaíoch oiriúnach í. Thairis sin, chinn an Coimisiún maidir leis an gcuideachta a shainaithin Winner: D'oibrigh Ternium Colombia S.A.S. in earnáil atá gaolmhar ach éagsúil (NACE 24) leis an táirge faoi imscrúdú mar a mhínítear in aithris (129). Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh in aghaidh an Tuirc a roghnú mar an tír ionadaíoch.

(145) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, mar a luaitear in aithris (150), chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an dara nóta go raibh sé beartaithe aige an Tuirc a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí agus bunachar sonraí TCMB le haghaidh Earnáil 25.2 (monarú umar, taiscumar agus coimeádán miotail), i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán d'fhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa a fhoinsiú chun an gnáthluach a ríomh.

3.4.4. *Leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil*

(146) Tar éis a shuí gurb í an Tuirc an t-aon tír ionadaíoch iomchuí a bhí ar fáil, agus bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.4.5. *Conclúid*

(147) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Tuirc na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun go measfaí í mar thír ionadaíoch iomchuí.

3.5. **Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí**

(148) Sa chéad nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeadh an táirge faoi imscrúdú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

(149) Tar éis sin, sa dara nóta, luaigh an Coimisiún, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé Global Trade Atlas ('GTA') chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, agus na hamhábhair go sonrach. Ina theannta sin, luaigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé Institiúid Staidrimh na Tuirce ([92]) chun costais neamhshaofa saothair agus na táblaí taraife leictreachais a shuí bunaithe ar bhillí leictreachais arna bhfoilsiú ag Údarás Rialála an Mhargaidh Fuinnimh (EMRA) ([93]) chomh maith le praghas an gháis d'úsáideoirí tionsclaíocha sa Tuirc arna fhoilsiú ag Institiúid Staidrimh na Tuirce ([94]).

(150) Sa dara nóta, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara freisin, mar gheall ar líon mór tosca táirgeachta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a sholáthair faisnéis iomlán agus meáchan diomaibhseach cuid de na hamhábhair i gcostas iomlán an táirgthe, go ndearnadh na hítimí diomaibhseacha sin a ghrúpáil faoi 'thomhaltáin'. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go ríomhfadh sé céatadán na n-earraí inchaite ar chostas iomlán na n-amhábhar agus go gcuirfeadh sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-amhábhar agus na tagarmharcanna neamhshaofa seanbhunaithe á n-úsáid aige sa tír ionadaíoch iomchuí. Bhí sé beartaithe ag an gCoimisiún freisin úsáid a bhaint as an taraif uisce a ghearrann Ard-Stiúrthóireacht Bhardas Cathrach Izmir (tá CMV lonnaithe sa chathair seo) atá freagrach as soláthar uisce, bailiú séarachais agus cóireáil séarachais i mBardas Cathrach Izmir.

3.6. **Costais agus tagarmharcanna neamhshaofa**

(151) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta sorcóirí gan uaim ardbhrú

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Luach neamhshaofa	Aonad tomhais
		Amhábhair	
Feadán cruach gan uaim	7304 59	12,68 CNY	kg

([92]) https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Structure-of-Earnings-Statistics-2022-49750&dil=2.
([93]) https://www.epdk.gov.tr/Detay/Icerik/3-0-39/kurul-kararlari -=> Press releases => roghnaigh Electricity electricity market board decisions.
([94]) http://www.turkstat.gov.tr => Press releases => roghnaigh Natural Gas prices.

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Luach neamhshaofa	Aonad tomhais
Feadán sorcóra Trastomhas Lasmuigh <= 168.3 mm	7304 39	14,13 CNY	kg
Feadán sorcóra 168,3 mm < Trastomhas seachtrach <= 406,4 mm	7304 39	23,48 CNY	kg
Intomhaltáin			
Saothar			
Saothar	N/B	43,9 CNY	Uair
Fuinneamh			
Leictreachas	N/B	0,72 CNY	kWh
Gás	N/B	2,61 CNY	kWh

(152) Ríomh an Coimisiún cóimheas le haghaidh forchostais mhonaraíochta bunaithe ar na sonraí cuideachta-shonracha agus chuir sé i bhfeidhm é ar chostas 'athríofa' na monaraíochta.

3.6.1.1. Amhábhair agus ionchur

(153) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora de chuid na tíre ionadaíche a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan an tSín a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([95]). Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid in aithris (108) nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach mar an gcéanna an tionchar a imríonn an saobhadh céanna ar tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún gur imir an saobhadh céanna tionchar ar phraghsanna onnmhairiúcháin.

(154) I gcás roinnt de na tosca táirgeachta, bhí sciar diomaibhseach de na costais amhábhar iomlána sa tréimhse imscrúdúcháin i gceist leis na costais iarbhír arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáidtear dóibh sin ar na ríomhanna corrlaigh dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh mar thomhaltáin mar a mhínítear in aithris (150).

(155) In éagmais staidreamh maidir le méid na n-allmhairí le haghaidh comhlaí, fáinní muiníl agus caidhpeanna a tuairiscíodh i bpíosaí agus éagsúlacht na dtosca táirgeachta sin á cur san áireamh maidir le heilimintí amhail cruth, méid agus meáchan aonaid, ní raibh an Coimisiún in ann tagarmharc fóinteach a ríomh le haghaidh na dtosca táirgeachta sin. Dá bhrí sin, i bhfianaise a sciar teoranta de chostas iomlán na monaraíochta, chinn an Coimisiún na tosca táirgeachta sin a aistriú chuig tomhaltáin.

([95]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

(156) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar a shuí, dá bhforáiltear sa chéad fhleasc d'Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na dleachtanna allmhairiúcháin ábhartha le luach CAL a taifeadadh i staidrimh allmhairiúcháin na tíre ionadaíche, mar atá fáil orthu in Atlas Trádála Domhanda.

(157) An costas iompair arna thabhú ag an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch as amhábhair a sholáthar, is mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar sin a shloinn an Coimisiún é agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo, an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na costais iompair thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

3.6.1.2. Uisce

(158) Foilsíonn an oifig Infheistíochta agus Airgeadais faisnéis mhionsonraithe maidir le costas an uisce le haghaidh úsáid thionsclaíoch do chuideachtaí atá lonnaithe i gcrios tionsclaíoch Izmir, áit a bhfuil CMV lonnaithe, ar táirgeoir é a tháirgeann an táirge faoi imscrúdú sa tír ionadaíoch. D'úsáid an Coimisiún na staitisticí is déanaí a bhí ar fáil mar a d'fhoilsigh an eagraíocht sin iad. Tá an tagarmharc bunaithe ar chostas uisce agus fuíolluisce ar bhonn m^3 ([96]).

3.6.1.3. Saothar

(159) Foilsíonn Institiúid Staidrimh na Tuirce faisnéis mhionsonraithe maidir le pá in earnálacha difriúla de gheilleagar na Tuirce. D'úsáid an Coimisiún an staidreamh is déanaí a bhí ar fáil lena gcumhdaítear 2022 le haghaidh meánchostas saothair do ghníomhaíocht eacnamaíoch(Monarú táirmhiotal) de réir aicmiú CODE NACE 2.0 Rev.2 ([97]).

3.6.1.4. Leictreachas

(160) Foilsíonn an tÚdarás Rialála Margaidh Fuinnimh sa Tuirc praghas an leictreachais do chuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) sa Tuirc. D'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir le praghsanna leictreachais tionsclaíocha sa bhanda tomhaltais comhfhreagrach in airgeadra/kWh arna fhoilsiú ag EMRA.

3.6.1.5. Gás nádúrtha

(161) Foilsíonn an Oifig Infheistíochta agus Airgeadais praghas an gháis nádúrtha do chuideachtaí san earnáil cruach, amhail úsáideoirí tionsclaíocha sa Tuirc ([98]). D'úsáid an Coimisiún na staitisticí a bhí ar fáil bunaithe ar Phraghas Mórdhíola Gáis Nádúrtha a bhí ag forluí ar an tréimhse imscrúdúcháin i mí an Mhárta 2024.

3.6.1.6. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabúis

(162) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús*'. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostas monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(163) Sloinneadh na forchostais mhonaraíochta a thabhaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte mar sciar de na costais mhonaraíochta a thabhaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin iarbhír. Cuireadh an céatadán seo i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa na déantúsaíochta.

([96]) https://www.invest.gov.tr/en/investmentguide/pages/cost-of-doing-business.aspx# arna rochtain an 4 Iúil 2025.
([97]) TurkStat, Innéacsanna costais saothair, 2009-2024 [2021=100]/ https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Labour-Input-Indices-Quarter-I:-January-March,-2024-53682&dil=2.
([98]) https://www.invest.gov.tr/en/investmentguide/pages/cost-of-doing-business.aspx arna rochtain an 3 Márta 2025.

(164) Chun méid neamhshaofa agus réasúnta a shuí le haghaidh costais SGA agus brabúis, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis airgeadais a bhí ar fáil don earnáil a tháirgeann an táirge faoi imscrúdú don bhliain 2023 (C-Monaraíocht > 25.2- Monarú umar, taiscumar agus coimeádán miotail) ([99]), mar a mhínítear in aithris (122).

3.7. **Ríomh**

3.7.1. *An Gnáthluach*

(165) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(166) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír thosca aonair táirgeachta an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch. Fíoraíodh na rátaí tomhaltais sin le linn an fhíoraithe. D'iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a chonacthas sa tír ionadaíoch, mar a thuairiscítear i Roinn 3.6.1.1.

(167) Chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta leis an gcostas sin mar a mhínítear in aithris (163).

(168) Na costais SGA agus an brabús arna gcinneadh ar bhonn na faisnéise airgeadais atá ar fáil don earnáil a tháirgeann an táirge faoi imscrúdú don bhliain 2023 (C-Monaraíocht > 25.2- Monarú umar, taiscumar agus coimeádán miotail) mar a mhínítear in aithris (122), cuireadh i bhfeidhm iad ar shuim chostas neamhshaofa na monaraíochta agus na bhforchostas monaraíochta neamhshaofa; i.e. na costais táirgthe.

(169) Ba é 19.4 % na costais SGA arna sloinneadh mar chéatadán de Chostais na nEarraí a Díoladh agus arna gcur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa táirgthe. Ba é 12.6 % an brabús arna shloinneadh mar chéatadán de COGS agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa táirgthe.

(170) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.7.2. *An praghas onnmhairiúcháin*

(171) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha nó trí chuideachtaí comhlachaithe intíre a bhí ag gníomhú mar thrádálaithe.

(172) Sa dá chás, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas iarbhír a íocadh nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.7.3. *Comparáid*

(173) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chothrom a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus chun lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna. Sa chás sin, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir an gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar bhonn leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear thíos a thuilleadh, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha agus (ii) na difríochtaí sna tosca a maíodh agus a léiríodh, a ghlacadh san áireamh, a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

([99])) https://www3.tcmb.gov.tr/sektor/#/en/C/252/manufacture-of-tanks-reservoirs-and-containers-of-metal.

3.7.3.1. Coigeartuithe ar rinneadh ar an ngnáthluach

(174) Mar a mhínítear in aithrisí (165) go (170), suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh chostais SGA agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Dá bhrí sin, ní raibh gá le haon choigeartú chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha.

(175) Níor aimsigh an Coimisiún aon chúis le haon lamháltas a dhéanamh i leith an ghnáthluacha, ná níor éiligh aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte lamháltais den sórt sin.

3.7.3.2. Coigeartuithe arna ndéanamh ar an bpraghas onnmhairiúcháin

(176) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe mar gheall ar dhleacht chustaim, muirir eile ar allmhairí, lasta, árachas, láimhseáil luchtaithe agus costais choimhdeacha.

(177) Rinneadh coigeartú freisin maidir le coimisiúin faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán don trádálaí a bhí comhlachaithe le Winner agus Tianjin Tianhai trí costais SGA na dtrádálaithe comhlachaithe agus brabús barúlach 5 % a asbhaint. Suíodh go raibh údar leis an gcoigeartú sin mar gheall ar chonradh idir an táirgeoir onnmhairiúcháin agus a thrádálaí comhlachaithe a léirigh go raibh clásal eadrána ann i gcás coinbhleacht idir an dá pháirtí. Bhí an brabús barúlach 5 % i gcomhréir leis an mbrabús a asbhaineadh i gcásanna cruach eile le déanaí a bhain le táirgí lena gcomhtháthaítear ionchuir chruach in éagmais comhoibriú ó allmhaireoirí neamhchomhlachaithe.

3.7.4. *Corrlaigh dhumpála*

(178) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(179) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Grúpa Winner.	63,2 %
Grúpa BTIC	90,3 %

(180) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, socraíodh an corrlach sin ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, gan aird a thabhairt ar chorrlaigh an táirgeora onnmhairiúcháin ag a bhfuil corrlach dumpála nialasach agus de minimis, ná ar an gcorrlach a socraíodh sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 18 den bhun-Rialachán.

(181) Ar an mbonn sin, is é 74,5 % corrlach dumpála sealadach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.

(182) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile i sa tSín, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is é an leibhéal comhair méid onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh ina chion de mhéid iomlán na n-allmhairí ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, a suíodh ar bhonn staitisticí Eurostat mar a mhínítear i Roinn 4.3.1.

(183) Tá an leibhéal comhair sa chás seo íseal toisc gurbh é a bhí i gceist le hallmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha thart ar 54 % d'iomlán na n-onnmhairí chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(184) Mheabhraigh an Coimisiún gur cuireadh páirtithe leasmhara ar an eolas i roinn 10 den fhógra tionscnaimh ([100]) go bhféadfadh torthaí bunaithe ar fhíorais a bhí ar fáil faoi Airteagal 18 den bhun-Rialachán a bheith mar thoradh ar easpa comhair, nó ar chomhar páirteach amháin, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le torthaí nach mbeadh chomh fabhrach céanna do na páirtithe sin. Ós rud é gur tugadh rabhadh soiléir do na páirtithe leasmhara maidir le hiarmhairtí an neamh-chomhoibrithe, agus go raibh an leibhéal comhair sa chás seo an-íseal, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí an dleacht dumpála iarmharach a chinneadh bunaithe ar fhothacar ionadaíoch de dhíolacháin ag grúpa BTIC arbh ionann é féin agus os cionn 50 % de mhéid iomlán onnmhairí na gcuideachtaí sampláilte uile chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Measadh gur athróg ionadaíoch réasúnta iad na díolacháin sin maidir le hiompraíocht dumpála na n-onnmhaireoirí neamh-chomhoibríocha.

(185) Dá bhrí sin, socraíodh an corrlach dumpála iarmharach ag 119 %.

(186) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Cuideachtaí comhoibríocha eile	74,5 %
Gach allmhairiú eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	119,0 %

4. DÍOBHÁIL

4.1. Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

(187) Rinne ocht dtáirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(188) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin ag thart ar 6 782 k aonad/píosa. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, amhail an freagra ar an macraicheistneoir, faisnéis a bailíodh le linn cuairteanna fíorúcháin ar tháirgeoirí sampláilte, ceistneoirí a chuir táirgeoirí comhoibríocha eile isteach agus staitisticí oifigiúla Eurostat. Mar a léirítear in aithris (7), b'ionann an dá tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais agus 47 % de tháirgeacht mheasta iomlán an Aontais agus 42 % de chainníocht díolachán iomlán mheasta an táirge chomhchosúil san Aontas.

4.2. Tomhaltas an Aontais

(189) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn an fhreagra ar an macraicheistneoir a fuarthas ón ngearánach, arna chros-seiceáil, i gcás inar féidir, leis na freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais, agus allmhairí an táirge lena mbaineann isteach san Aontas ó thríú tíortha ar bhonn staitisticí Eurostat.

([100]) Féach aithris (1) thuas.

(190) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (aonad/píosaí)

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	5 996 208	7 101 909	6 088 334	6 882 216
Innéacs	*100*	*118*	*102*	*115*

Foinse: macraicheistneoir, táirgeoirí de chuid an Aontais, Eurostat.

(191) Ar an mbonn sin, tar éis fás láidir in 2021 agus titim ina dhiaidh sin a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar stoc-charnadh mar gheall ar ghanntanais soláthair a raibh eagla ann ina leith i gcomhthéacs COVID-19 nó iompraíocht tomhaltóirí gan choinne, tháinig méadú 15 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.3.1. *An méid allmhairí ón tír lena mbaineann agus an sciar den mhargadh a bhain leo*

(192) Shuigh an Coimisiún an méid allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat.

(193) Agus measúnú á dhéanamh ar chruinneas an staidrimh allmhairiúcháin, sainaithníodh go mbíonn aonadmheáchan i bhfad faoi bhun 1 kg ag gabhdáin bheaga ghais nach féidir a athlíonadh, ar gabhdáin iad atá lasmuigh de raon feidhme an táirge lena mbaineann de ghnáth. I gcodarsnacht leis sin, tá aonadmheáchan íosta 1 kg ag an táirge lena mbaineann. Mar thagairt, tá meáchan thart ar 1,5 kg sa tsorcóir is lú arna tháirgeadh ag tionscal an Aontais, ag a bhfuil toirt 0,8 lítear. Dá bhrí sin, úsáideadh modh scagtha lenar eisiadh gach iontráil allmhairiúcháin ag a bhfuil aonadmheáchan faoi bhun 1 kg chun táirgí atá lasmuigh den raon feidhme a sheachaint.

(194) Chun cruinneas a fheabhsú, chuir an Coimisiún an modh scagtha meáchanbhunaithe i bhfeidhm ar shonraí allmhairiúcháin Eurostat le haghaidh chóid AC 7311 00 11 agus 7311 00 30, a raibh tuairisciú laethúil ar fáil ina leith. I gcás chóid AC 7311 00 13 agus 7311 00 19, bhí sé ag brath ar shonraí míosúla ó Eurostat agus chuir sé an tairseach eisiaimh chéanna i bhfeidhm bunaithe ar mheáchan aonaid.

(195) Leis an tacar sonraí a tháinig as sin, arna scagadh ar an leibhéal is airde gráinneachta is féidir trí úsáid a bhaint as tairseacha meáchain, soláthraíodh an meastachán is cruinne ar allmhairí an táirge lena mbaineann, lena léirítear treochtaí allmhairiúcháin soiléire agus suntasacha, go háirithe maidir leis an tSín.

(196) I gcás múchtóirí dóiteáin folmha a aicmítear faoi chóid TARIC 8424 10 00 11 agus 8424 10 00 21, ní raibh sonraí allmhairiúcháin ar fáil ach ar feadh 3 mhí (Márta go Bealtaine 2025), lasmuigh den tréimhse imscrúdúcháin agus sloinneadh iad i gcileagraim seachas i bpíosaí. I bhfianaise na sonraí teoranta neamhréireacha sin, chomh maith le hionadaíocht an-íseal an chineáil táirge sin, a raibh thart ar 2 % den mhéid iomlán faoin gcód AC ábhartha i gceist leo, níor breithníodh an cineál táirge sin ag an gcéim shealadach, ach cuirfear san áireamh é ag céim chinntitheach an imscrúdaithe, a luaithe a bheidh faisnéis níos iomláine agus níos iontaofa ar fáil.

(197) Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí trí mhéideanna allmhairí a chur i gcomparáid le tomhaltas mhargadh an Aontais:

Tábla 3

Cainníocht na n-allmhairí (aonaid/píosaí) agus an sciar den mhargadh

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht na n-allmhairí ón tSín (aonad/píosaí)	3 592 569	4 586 186	3 971 953	4 786 861
Innéacs	*100*	*128*	*111*	*133*
An sciar den mhargadh %	60	65	65	70

Foinse: Eurostat.

(198) Léirigh na hallmhairí ón tSín idir 2021 agus an tréimhse imscrúdúcháin treocht shoiléir shuntasach aníos maidir le méid agus sciar den mhargadh araon, go háirithe nuair a breathnaíodh orthu in éineacht le tomhaltas foriomlán an Aontais. Cosúil le tomhaltas, léirigh allmhairí na Síne fás láidir in 2021 agus laghdú ina dhiaidh sin, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le stoc-charnadh mar gheall ar eagla faoi ghanntanais soláthair le linn phaindéim COVID-19 nó athruithe gan choinne ar iompraíocht tomhaltóirí. Tháinig allmhairí ar ais ansin le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus shroich siad leibhéal 33 % níos airde ná mar a bhí in 2021.

(199) Léiríodh an fás láidir sin sa sciar den mhargadh atá ag an tSín san Aontas, sciar atá ag méadú de réir a chéile. Ag tosú ag 60 % in 2021, tháinig méadú ar sciar na Síne den mhargadh go 65 % in 2022 agus bhí sé seasta le linn 2023, sular tháinig méadú breise air go 70 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Fiú nuair a bhí méideanna allmhairí na Síne tumtha go sealadach, choinnigh an tSín ceannasacht ar an margadh, rud a bhí chun aimhleasa thionscal an Aontais go háirithe.

(200) D'fhás allmhairí ón tSín i bhfad níos tapúla ná tomhaltas foriomlán an mhargaidh, ag méadú níos mó ná dhá oiread an ráta le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.4. Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais

(201) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Suíodh sladghearradh praghais na n-allmhairí ar bhonn praghsanna CAL a fuarthas ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(202) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 4

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/píosa)

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
an tSín	14,16	13,64	12,81	9,83
Innéacs	*100*	*96*	*90*	*69*

Foinse: Eurostat

(203) Is iad allmhairí a dearbhaíodh faoi chód AC 7311001190 is mó is cúis leis an meánphraghas allmhairiúcháin íseal don tSín, arbh ionann é agus níos mó ná 80 % de mhéid iomlán allmhairí na Síne, arna thomhas i bpíosaí, le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Comhfhreagraíonn an cód AC seo do chineálacha táirgí níos lú, níos éadroime agus, dá bhrí sin, níos saoire. Thairis sin, bíonn tionchar ag an meascán táirgí ar an meánphraghas freisin, meascán atá múnlaithe ag patrúin éilimh agus a d'fhéadfadh a bheith éagsúil le himeacht ama.

(204) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, lean praghsanna allmhairiúcháin ón tSín treocht anuas shoiléir, ag titim 31 % ar an iomlán. Tháinig laghdú 4 % ar phraghsanna allmhairiúcháin in 2022, laghdú 6 % eile in 2023, agus ansin tháinig laghdú 22 % orthu le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

(205) Chuir an laghdú seasta géaraithe sin ar phraghsanna brú praghsanna méadaitheach ó onnmhaireoirí na Síne ar thionscal an Aontais, rud a chuir iallach ar an tionscal sin a bpraghsanna a laghdú go suntasach. Léirigh an titim ghéar le linn na tréimhse imscrúdúcháin straitéis praghsála ionsaithí ar dócha gur threisigh sí an brú iomaíoch ar tháirgeoirí an Aontais. Tharla na praghsanna a bhí ag titim i gcomhthráth le méadú mór ar mhéid agus ar sciar margaidh allmhairí Síneacha, rud a léirigh go raibh ról mór ag allmhairí níos saoire maidir le díolacháin thionscal an Aontais a ionadú.

(206) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

(1) na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh an chineál táirge a bhí ag táirgeoirí sampláilte an Aontais arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha; agus

(2) na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh chineál táirge na n-allmhairí ó na táirgeoirí comhoibríocha sampláilte de chuid na Síne chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn costais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí ar dhleachtanna custaim agus ar chostais iar-allmhairiúcháin.

(207) Rinneadh an chomparáid praghsanna de réir cineáil le haghaidh idirbheart ar an leibhéal céanna trádála, arna coigeartú go cuí nuair ba ghá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh sé go raibh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe idir 29 % agus 76 % i gceist leis na hallmhairí ón tír lena mbaineann ar mhargadh an Aontais.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(208) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(209) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn sonraí a bhí le fáil sa fhreagra ar an gceistneoir a chuir na gearánaigh isteach, a tugadh cothrom le dáta ina dhiaidh sin chun an tréimhse imscrúdúcháin a chuimsiú, agus inar cumhdaíodh sonraí a bhaineann leis na táirgeoirí uile de chuid an Aontais. Na sonraí a bhaineann le táirgeoirí uile an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir. Na sonraí a bhaineann leis na táirgeoirí sampláilte san Aontas. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(210) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo.

(211) Is iad seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(212) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht táirgthe (aonaid/píosaí)	2 684 014	2 559 822	2 095 714	2 037 241
Innéacs	*100*	*95*	*78*	*76*
Acmhainneacht táirgeachta (aonaid/píosaí)	4 116 025	4 116 801	4 092 754	4 224 313
Innéacs	*100*	*100*	*99*	*103*
Úsáid acmhainneachta	65	62	51	48
Innéacs	*100*	*95*	*79*	*74*

Foinse: Macraicheistneoir

(213) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 24 % ar tháirgeacht an Aontais, agus tháinig laghdú ar úsáid acmhainneachta ó 65 % go 48 %, d'ainneoin gur tháinig méadú 15 % ar thomhaltas an Aontais. Thug sé sin le fios nach raibh an laghdú ar tháirgeadh mar gheall ar laghdú ar an éileamh, ach mar gheall ar bhrú iomaíoch méadaitheach ó allmhairí.

(214) Go háirithe, tháinig méadú 33 % ar allmhairí ón tSín le linn na tréimhse céanna, agus tháinig méadú ar a sciar den mhargadh ó 60 % in 2021 go 70 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh an méadú suntasach sin ar mhéid agus ar sciar margaidh na n-allmhairí Síneacha go raibh sciar méadaitheach d'éileamh an Aontais á chomhlíonadh ag táirgí allmhairithe seachas ag táirgeadh intíre.

4.5.2.2. Cainníocht na ndíolachán agus sciar den mhargadh

(215) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an gcainníocht díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

Cainníocht na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (aonaid/píosaí)	1 898 697	1 885 912	1 499 858	1 492 685
Innéacs	*100*	*99*	*79*	*79*
An sciar den mhargadh %	32	27	25	22

Foinse: Freagraí ar an macraicheistneoir agus ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(216) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, léirigh díolacháin tháirgeoirí an Aontais ar mhargadh an Aontais laghdú seasta agus leanúnach, i ndearbhchainníocht agus i sciar den mhargadh araon.

(217) In 2022, tháinig laghdú beag ar mhéideanna díolachán i gcomparáid le 2021, rud a thug le fios go raibh marbhántacht tosaigh ann. Mar sin féin, chuaigh an staid in olcas go mór in 2023, nuair a tháinig laghdú géar 20 % ar dhíolacháin, leibhéal a d'fhan gan athrú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Thug sé sin le fios nach luaineacht shealadach a bhí sa laghdú ar dhíolacháin ach gur cuid de threocht anuas leanúnach é.

(218) Lean an sciar den mhargadh conair dhiúltach a bhí chomh seasmhach céanna. Tháinig laghdú air ó 32 % in 2021 go 27 % in 2022, ansin tuilleadh go 25 % in 2023, agus ar deireadh níor shroich sé ach 22 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh an creimeadh bliain ar bhliain sa sciar den mhargadh an caillteanas forchéimnitheach láithreachta tháirgeoirí an Aontais ina margadh féin.

(219) Is fiú a thabhairt faoi deara gur tharla an laghdú leanúnach sin i gcomhthéacs an mhéadaithe ar thomhaltas an Aontais, ar tháinig méadú suntasach air le linn na tréimhse faoi bhreathnú. An tráth céanna, tháinig méadú suntasach ar allmhairí ón tSín ó thaobh méide agus sciar den mhargadh de. Dá réir sin, ní raibh táirgeoirí de chuid an Aontais ag cailleadh díolachán mar gheall ar mhargadh a bhí ag laghdú, ach tháinig allmhairí in ionad a ndíolachán níos mó ná riamh, go háirithe ón tSín.

4.5.2.3. Fás

(220) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 15 % ar thomhaltas an Aontais, rud a léiríonn margadh atá ag méadú agus éileamh ag dul i méid. Mar sin féin, ní raibh táirgeoirí an Aontais in ann tairbhe a bhaint as an bhfás sin. Tháinig laghdú 20 % ar a méid díolachán, agus thit a sciar den mhargadh ó 32 % go 22 %, agus tháinig laghdú 24 % ar an táirgeacht. D'ainneoin méadú beag ar an acmhainneacht, tháinig laghdú géar ar úsáid acmhainneachta ó 65 % go 48 %. Idir an dá linn, tháinig méadú 33 % ar allmhairí ón tSín, agus shroich siad 10 bpointe céatadáin den sciar den mhargadh, agus 70 % á bhaint amach acu le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh an treocht chodarsnachta sin gur chaill táirgeoirí an Aontais ar an láthair ní mar gheall ar an éileamh a bheith ag laghdú, ach mar thoradh ar an mbrú méadaitheach ó allmhairí ón tSín atá ag méadú go tapa, agus a d'fhéadfadh a bheith éagórach.

(221) Leis an meascán de laghdú leanúnach ar dhíolacháin, laghdú ar sciar den mhargadh, agus táirgeadh marbhánta d'ainneoin éileamh méadaitheach, soláthraítear fianaise shoiléir ar dhíobháil, rud a léiríonn lagú struchtúrach ar sheasamh thionscal an Aontais sa mhargadh.

(222) Léiríonn an treocht chodarsnach sin go raibh táirgeoirí an Aontais á mbrú amach as an margadh níos mó agus níos mó, ní mar gheall ar éileamh laghdaitheach, ach mar gheall ar bhrú méadaitheach ó fhás tapa allmhairí na Síne.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(223) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An líon fostaithe (coibhéis lánaimseartha)	2 309	2 241	2 220	2 162
Innéacs	*100*	*97*	*96*	*94*
Táirgiúlacht (píosaí/FTE)	1 162	1 142	944	942
Innéacs	*100*	*98*	*81*	*81*

Foinse: Freagraí ar an macraicheistneoir agus ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(224) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, léiríodh laghdú a bheith ag teacht de réir a chéile ach go comhsheasmhach ar fhostaíocht i dtionscal an Aontas, rud a léirigh go raibh feidhmíocht na hearnála ag dul in olcas. Tháinig laghdú bliain ar bhliain ar an líon fostaithe coibhéiseacha lánaimseartha (FTE): laghdú 3 % in 2022, laghdú beag arís in 2023, agus laghdú iomlán 6 % sa tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2021. Tugann an laghdú seasta sin le fios go raibh táirgeoirí ag oiriúnú de réir a chéile do ghníomhaíocht táirgthe a lagú trí ionchur saothair a laghdú.

(225) An tráth céanna, tháinig laghdú géar ar tháirgiúlacht, go háirithe idir 2022 agus 2023, tháinig laghdú 19 % uirthi tar éis laghdú beag 2 % in 2022 agus d'fhan sí ar an leibhéal íseal sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríonn sé acmhainneacht tearcúsáidte agus neamhéifeachtúlachtaí oibríochtúla, toisc nach raibh táirgeoirí an Aontais in ann a lucht saothair a choigeartú go tapa ná go comhréireach de réir an laghdaithe leanúnaigh ar tháirgeadh mar gheall ar an laghdú ar dhíolacháin agus ar an méadú ar bhrú ó allmhairí.

(226) Go hachomair, léiríonn an treocht san fhostaíocht coigeartú anuas faichilleach ar an lucht saothair, agus cuireann an titim ghéar sa táirgiúlacht béim ar an mbrú eacnamaíoch níos leithne atá ar an tionscal toisc go n-oibríonn sé faoi bhun na héifeachtúlachta is fearr mar gheall ar laghdú ar aschur agus iomaíocht mhargaidh níos déine.

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(227) Bhí na corrlaigh dhumpála uile go mór os cionn an leibhéil de minimis. Ba shubstaintiúil an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise chainníocht agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

(228) Is é seo an chéad imscrúdú frithdhumpála maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí dumpála a d'fhéadfadh a bheith ann roimhe seo

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(229) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Praghsanna díola san Aontas

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/ píosa)	142,1	189,8	194,5	167,5
Innéacs	*100*	*134*	*137*	*118*
Costas táirgthe in aghaidh an aonaid (EUR/ píosa)	136,5	184,0	205,2	174,7
Innéacs	*100*	*135*	*150*	*128*

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(230) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú suntasach ar mheánphraghsanna díola aonaid ar mhargadh an Aontais ar dtús, agus tháinig méadú 34 % orthu in 2022 i gcomparáid le 2021. Lean an treocht aníos sin ar aghaidh beagán in 2023, agus bhain praghsanna buaicphointe 37 % amach i gcomparáid le 2021. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, áfach, tháinig laghdú 14 % ar phraghsanna i gcomparáid le 2023, cé go raibh siad fós 18 % os cionn leibhéal 2021. Thug an patrún sin le fios gur chuir táirgeoirí an Aontais cuid de na costais a bhí ag ardú ar aghaidh chuig custaiméirí ar dtús, ach gur cuireadh iallach orthu praghsanna a laghdú ina dhiaidh sin, mar gheall ar bhrú iomaíoch méadaitheach ó allmhairí ar phraghas íseal, go háirithe ón tSín.

(231) Ag an am céanna, lean costais táirgthe in aghaidh an aonaid treocht chomhchosúil ach níos suntasaí fós. Tháinig méadú 35 % ar chostais in 2022 agus bhain siad buaicphointe amach in 2023 le méadú 50 % i gcomparáid leis an mbonnbhliain. Cé gur tháinig laghdú beag ar chostais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, d'fhan siad 28 % os cionn leibhéil 2021. Is dócha gur léirigh an méadú tosaigh brúnna boilscitheacha, praghsanna ionchuir atá ag ardú (e.g. fuinneamh, ábhair), agus barainneachtaí scála laghdaithe mar gheall ar mhéideanna táirgeachta a bheith ag titim.

(232) Go háirithe, don chuid is mó den tréimhse faoi bhreathnú, d'fhás costais táirgthe níos tapúla ná praghsanna díola, go háirithe in 2023, áit arbh í an bhearna idir praghsanna costais agus costais is mó a bhí ann, rud a chuaigh in olcas staid eacnamaíoch tháirgeoirí an Aontais. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, thit praghsanna agus costais araon, ach bhí na costais fós níos airde ná na praghsanna díolacháin.

(233) Mar gheall ar an laghdú ar phraghsanna allmhairiúcháin agus ar an sciar méadaitheach d'allmhairí na Síne, bhí sé níos deacra do tháirgeoirí an Aontais a bpraghsanna a choinneáil sách ard chun costais mhéadaitheacha a chumhdach. Mar gheall ar an méadú ar allmhairí níos saoire, go háirithe le linn na tréimhse imscrúdúcháin, laghdaíodh praghsanna díola an Aontais go mór.

4.5.3.2. Costais saothair

(234) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	32 810	35 825	37 398	38 184
Innéacs	100	109	114	116

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(235) Idir 2021 agus an tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú seasta ar mheánchostais saothair in aghaidh an fhostaí do tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Tharla an t-ardú ba shuntasaí sa chéad bhliain den tréimhse, nuair a tháinig méadú 9 % ar chostais saothair. Is dócha go raibh an méadú luath láidir sin mar thoradh ar bhrúnna boilscitheacha a tháinig i ndiaidh phaindéim COVID-19, ar lena linn a bhí ar tháirgeoirí aghaidh a thabhairt ar éilimh ar phá a bhí ag dul i méid agus, i roinnt Ballstát, coigeartuithe pá a raibh sainordú dlíthiúil acu nó a ndearnadh trí chómhargáil.

(236) An bhliain dár gcionn, lean costais saothair de bheith ag ardú, cé go raibh luas beagán níos moille de thart ar 5 % ann. Léirigh an fás sin éifeachtaí boilscitheacha a bhí marthanach ach ag maolú, mar aon le hiarrachtaí chun lucht saothair oilte a choinneáil i margadh iomaíoch. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig moill bhreise ar an ráta méadaithe go dtí thart ar 2 %, rud a léirigh maolú féideartha ar bhrúnna pá aníos nó tionchar na mbeart imshrianta costais agus éifeachtúlachta arna dtabhairt isteach ag táirgeoirí.

4.5.3.3. Fardail

(237) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Stoic

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoc deiridh (píosaí)	[72 500 – 73 800]	[69 500 – 70 500]	[81 800 – 83 000]	[50 000 – 51 000]
Innéacs	*100*	*96*	*113*	*69*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	[2,8 % –3,2 %]	[2,8 % –3,2 %]	[3,6 % –4,2 %]	[1,8 % –2,2 %]

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(238) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, lean fardail treocht luaineach ach ag ísliú ar deireadh, rud a léirigh leibhéil táirgthe agus dálaí margaidh a bhí ag athrú. In 2022, d'fhan na stoic réasúnta cobhsaí, agus níor tháinig ach laghdú beag 4 % orthu i gcomparáid le 2021. In 2023, áfach, tháinig méadú 17 % ar na stoic dheiridh, agus shroich siad an pointe is airde le linn na tréimhse. Is dócha go raibh an méadú sin mar gheall ar dhíolacháin níos ísle agus sciar den mhargadh a bheith ag laghdú, rud a d'fhág go raibh níos mó táirgí gan díol á stóráil.

(239) Faoin tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú mór ar na stoic, laghdú 44 phointe céatadáin i gcomparáid le 2023, agus d'fhill siad ar leibhéal a bhí go mór faoi bhun leibhéal na bliana tosaigh. Nuair a breathnaíodh ar stoic mar sciar den táirgeacht, tugadh faoi deara go raibh fardail fós íseal le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud a thug le fios go raibh táirgeoirí ag bainistiú an stoic go cúramach.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(240) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	[3,7 –4,2]	[2,8 –3,1]	[- 6,2 – - 5,3]	[- 4,4 – - 4,1]
Sreabhadh airgid (EUR)	[14 800 000 – 15 200 000]	[14 000 000 – 14 500 000]	[2 300 000 – 2 600 000]	[1 700 000 – 1 850 000]

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Innéacs	*100*	*95*	*16*	*12*
Infheistíochtaí (EUR)	[2 800 000 – 3 000 000]	[4 900 000 – 5 100 000]	[4 700 000 – 4 900 000]	[4 900 000 – 5 050 000]
Innéacs	*100*	*173*	*167*	*172*
Toradh ar infheistíochtaí	[15,5 –17,2]	[11,2 –12,4]	[- 17,3 – - 15,8]	[- 15,4 – - 14,6]
Innéacs	*100*	*77*	*- 103*	*- 94*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(241) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais trí ghlanbhrabús réamhchánach dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán den láimhdeachas. Tháinig laghdú seasta ar an mbrabúsacht le linn na tréimhse, ag tosú dearfach ach ag laghdú de réir a chéile gach bliain. D'éirigh sé an-diúltach sa tríú bliain agus d'fhan sé diúltach le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh an treocht anuas sin costais a bhí ag dul i méid, méideanna díolacháin níos ísle, agus laghdú ar an sciar den mhargadh mar gheall ar iomaíocht mhéadaithe allmhairí, rud a laghdaigh corrlaigh bhrabúis go suntasach.

(242) Tháinig laghdú ar an nglansreabhadh airgid, rud a léiríonn cumas tháirgeoirí an Aontais oibríochtaí féinmhaoiniúcháin a dhéanamh, ó thart ar EUR14.8–15.2 milliún sa chéad bhliain go dtí thart ar EUR14.0–14.5 milliún sa dara bliain, sular thit sé go dtí thart ar EUR2.3–2.6 milliún sa tríú bliain agus gur thit sé tuilleadh go dtí thart ar EUR1.7–1.85 milliún le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arb ionann é agus laghdú thart ar 88 % ón gcéad bhliain. Léirigh an titim ghéar sin an brú airgeadais atá ann mar gheall ar bhrabúsacht laghdaithe agus cistiú inmheánach teoranta.

(243) D'ainneoin deacrachtaí airgeadais, tháinig méadú ar infheistíochtaí ó thart ar EUR2.8–3.0 milliún sa chéad bhliain go dtí os cionn EUR4.9–5.1 milliún sa dara bliain, agus d'fhan siad gar do EUR4.9–5.05 milliún le linn na tréimhse imscrúdúcháin. B'ionann sin agus méadú foriomlán de bheagnach 72 % i gcomparáid leis an gcéad bhliain, rud a thugann le fios go ndearnadh iarrachtaí chun an acmhainneacht táirgeachta a choinneáil ar bun nó a uasghrádú in ainneoin coinníollacha airgeadais atá ag éirí níos doichte.

(244) Thit an toradh ar infheistíochtaí, arna shainmhíniú mar an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar, ó [15,5 % – 17,2 %] sa chéad bhliain go [11,2 % – 12,4 %] sa dara bliain, sular iompaigh sé diúltach ag [- 17,3 % – - 15,8 %] sa tríú bliain agus d'fhan sé diúltach ag [- 15,4 % – - 14,6 %] le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Thug na torthaí diúltacha sin le fios nach raibh brabús leordhóthanach á ghiniúint ag na hinfheistíochtaí a thuilleadh, rud is dócha mar gheall ar dhálaí oibriúcháin a bheith ag dul in olcas agus brú margaidh méadaithe.

(245) I bhfianaise na dtreochtaí sin, thit an bhrabúsacht ó [3,7 % – 4,2 %] to [- 4,4 % – - 4,1 %], tháinig laghdú níos mó ná 85 % ar shreabhadh airgid, agus tháinig laghdú suntasach ar an toradh ar infheistíochtaí a d'iompaigh agus a bhí diúltach i gcónaí, rinneadh dochar do chumas tháirgeoirí an Aontais caipiteal a thiomsú. Dá laghdófaí brabúis agus cúlchistí airgid laghdaithe, laghdófaí muinín infheisteoirí agus chuirfí srian ar rochtain ar chistiú, rud a chuirfeadh srian ar chumas na dtáirgeoirí infheistíocht a dhéanamh agus dul san iomaíocht go héifeachtach.

4.6. **Conclúid ar dhíobháil**

(246) Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú suntasach ar allmhairí ón tSín, agus tháinig méadú thart ar 33 % ar mhéideanna i gcomparáid leis an mbonnbhliain agus tháinig méadú ar an sciar den mhargadh ó 60 % go 70 %. Ag an am céanna, tháinig laghdú géar thart ar 31 % ar phraghsanna allmhairiúcháin. Chuir an meascán sin de mhéideanna atá ag ardú agus praghsanna atá ag titim brú anuas láidir ar mhargadh an Aontais, rud a d'fhág go raibh sé deacair do tháirgeoirí an Aontais dul san iomaíocht maidir le cainníocht agus praghas araon. Bhí láithreacht mhéadaitheach na n-allmhairí ar phraghas níos ísle ina phríomhthoisc a raibh tionchar aici ar dhinimic an mhargaidh.

(247) Léirigh formhór na dtosca díobhála treochtaí diúltacha soiléire. Tháinig laghdú thart ar 24 % ar tháirgeacht, thit úsáid acmhainneachta ó 65 % go 48 % (laghdú thart ar 26 %), agus tháinig laghdú 21 % ar mhéid na ndíolachán. D'iompaigh an bhrabúsacht ó chorrlach dearfach ó [3,7 % — 4,2 %] go caillteanais thart ar [- 4,4 % — - 4,1 %], agus thit glansreabhadh airgid os cionn 85 %, rud a chuir teorainn mhór leis an tsolúbthacht airgeadais. Ba mhó na treochtaí diúltacha sin ná aon fhorbairt dhearfach, rud a léirigh díobháil mhór leanúnach do thionscal an Aontais. Bhí caillteanas leanúnach an sciar den mhargadh agus an brú anuas ar phraghsanna, arna spreagadh ag méideanna allmhairí atá ag méadú agus praghsanna allmhairiúcháin níos ísle, ina dtosca ceannasacha ba chúis leis an díobháil sin.

(248) Thairis sin, tháinig méadú ar phraghsanna thionscal an Aontais, rud a fritháiríodh leis an méadú níos géire ar an gcostas táirgthe, níor léirigh ach dhá thoisc díobhála treochtaí dearfacha, eadhon an acmhainneacht táirgeachta, méadú 3 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus an leibhéal leanúnach infheistíochtaí ag táirgeoirí de chuid an Aontais, ar tháinig méadú beagnach 72 % orthu le linn na tréimhse sin. Tugtar le fios leis sin iarrachtaí leanúnacha chun an acmhainneacht táirgeachta a choinneáil nó a uasghrádú d'ainneoin dálaí díobhálacha. Mar sin féin, níor leor na treochtaí dearfacha sin chun na tionchair dhiúltacha a fhritháireamh. Mar shampla, tháinig laghdú thart ar 24 % ar an táirgeacht, d'ainneoin gur tháinig fás thart ar 15 % ar thomhaltas an Aontais. Ina theannta sin, tháinig laghdú suntasach 19 % ar tháirgiúlacht, rud is dócha mar gheall ar laghdú ar an lucht saothair agus neamhéifeachtúlachtaí oibríochtúla, rud a léiríonn nach raibh aschur feabhsaithe mar thoradh ar infheistíocht dhearfach.

(249) Ar an iomlán, cé gur tháinig méadú 15 % ar thomhaltas an Aontais, tháinig laghdú 24 % ar tháirgeacht an Aontais, tháinig laghdú 21 % ar dhíolacháin, agus tháinig laghdú géar ar bhrabúsacht táirgeoirí ó [3,7 % — 4,2 %] go [- 4,4 % — - 4,1 %]. Léirítear leis an bpictiúr sin, d'ainneoin margadh a bhí ag fás, gur lagaigh tionscal an Aontais a staid toisc gur ghabh allmhairí, ón tSín den chuid is mó, sciar níos mó den mhargadh.

(250) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. CÚISÍOCHT

(251) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. D'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh i leith na n-allmhairí dumpáilte aon díobháil a d'fhéadfadh a bheith ann de thoradh tosca seachas na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. Seo a leanas na fachtóirí sin: allmhairí ó thríú tíortha, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, méadú ar chostais táirgthe, éileamh an Aontais.

5.1. Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte

(252) Chun a mheas an bhfuil nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais, is gá scrúdú a dhéanamh ar cé acu a chuir nó nár chuir méid agus leibhéil phraghsanna na n-allmhairí atá faoi imscrúdú go mór leis an díobháil ábhartha.

(253) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú suntasach ar mhéid na n-allmhairí ón tSín, i ndearbhthéarmaí agus sa sciar den mhargadh araon. Go sonrach, tháinig méadú 53 % ar allmhairí na Síne agus fuair siad 10 bpointe céatadáin sa sciar den mhargadh. An tráth céanna, tháinig méadú 15 % ar thomhaltas an Aontais. Mar sin féin, tháinig laghdú 21 % ar mhéid díolachán thionscal an Aontais, agus tháinig laghdú dá réir sin ar a sciar den mhargadh.

(254) I gcodarsnacht leis sin, tháinig méadú mór ar allmhairí dumpáilte nuair a chaill táirgeoirí de chuid an Aontais an méid díolachán agus an sciar den mhargadh araon, rud a thug le fios go láidir nasc cúisíoch idir an dá cheann. Bhí an caillteanas i méid díolachán tháirgeoirí an Aontais mar thoradh ar iomaíocht mhéadaithe ó allmhairí dumpáilte ar phraghas níos ísle. Is léir gur chuir an éifeacht mhéide sin leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(255) Ina theannta sin, thacaigh éifeacht praghsanna na n-allmhairí dumpáilte ón tSín le nasc cúisíoch a bheith ann leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 31 % ar mheánphraghas aonaid na n-allmhairí Síneacha, ó EUR 14,16 go EUR 9,83 in aghaidh an phíosa. I gcodarsnacht leis sin, tháinig méadú ar phraghsanna thionscal an Aontais go dtí 2023 ach tháinig laghdú géar orthu ansin le linn na tréimhse imscrúdúcháin, mar thoradh ar bhrú ó allmhairí ar phraghas íseal.

(256) Bhí tionchar soiléir ag an sladghearradh comhsheasmhach suntasach sin ag allmhairí Síneacha ar mhargadh an Aontais. Mar thoradh air sin, ní raibh táirgeoirí an Aontais in ann a leibhéil praghsanna a choinneáil ar bun i gcomhréir le costais táirgthe a bhí ag dul i méid, rud a d'fhág gur tháinig meath ar a staid airgeadais. Thit an bhrabúsacht ó [3.7 % — 4.2 %] go caillteanas [- 4,4 % — - 4,1 %] in 2021 le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Chuir an brú anuas leanúnach ar phraghsanna de bharr allmhairí dumpáilte ón tSín go díreach leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

(257) I bhfianaise a bhfuil thuas, chuir allmhairí dumpáilte ón tSín go mór leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

(258) Chuir na hallmhairí dumpáilte méid suntasach agus brú praghsanna ar thionscal an Aontais. Is é an toradh a bhí air sin acmhainneacht tearcúsáidte, táscairí airgeadais atá ag dul in olcas, agus neamhábaltacht praghsanna a ardú go leordhóthanach chun costais mhéadaitheacha a chumhdach. Dá bhrí sin, fiú mura bhféadfadh sé gurb é an t-aon chúis amháin é, is léir go raibh ról suntasach ag na hallmhairí dumpáilte maidir leis an díobháil ábhartha a breathnaíodh a dhéanamh.

5.2. **Allmhairí ó thríú tíortha**

(259) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar chainníocht na n-allmhairí ó thríú tíortha eile le linn a tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An Tuirc	Cainníocht (píosaí)	151 342	134 650	164 343	95 931
	Innéacs	*100*	*89*	*109*	*63*
	An sciar den mhargadh	3 %	2 %	3 %	1 %
	Meánphraghas	51	92	58	77
	Innéacs	*100*	*180*	*114*	*151*
an Ríocht Aontaithe	Cainníocht (píosaí)	64 725	102 046	91 317	72 615
	Innéacs	*100*	*158*	*141*	*112*
	An sciar den mhargadh	1 %	1 %	1 %	1 %
	Meánphraghas	126	82	94	86
	Innéacs	*100*	*65*	*74*	*68*
Tríú tíortha eile	Cainníocht (píosaí)	288 875	393 115	360 862	434 124

Tír		2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
	Innéacs	*100*	*136*	*125*	*150*
	An sciar den mhargadh	5 %	6 %	6 %	6 %
	Meánphraghas	126	82	94	86
	Innéacs	*100*	*65*	*74*	*68*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tír lena mbaineann	Cainníocht (píosaí)	504 942	629 811	616 522	602 670
	Innéacs	*100*	*125*	*122*	*119*
	An sciar den mhargadh	8 %	8 %	10 %	8 %
	Meánphraghas	79	77	70	63
	Innéacs	*100*	*98*	*89*	*80*

Foinse: Eurostat.

(260) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, níor allmhairíodh méideanna suntasacha HPSC isteach san Aontas ó thríú tíortha eile seachas an Tuirc agus an Ríocht Aontaithe.

(261) Ar an iomlán, thaifead gach tríú tír seachas an tír lena mbaineann méadú ar mhéid 19 % idir 2021 agus an tréimhse imscrúdúcháin, agus d'fhan a sciar den mhargadh cobhsaí, ag luainiú idir 8 % agus 10 % le linn na tréimhse. Cé gur tháinig méadú ar mhéideanna, tháinig laghdú 20 % de réir a chéile ar mheánphraghsanna allmhairiúcháin i gcomparáid le 2021, rud a thit de réir a chéile gach bliain. D'ainneoin an laghdaithe sin ar phraghsanna, tugann an treocht allmhairiúcháin le fios gur dhírigh oibreoirí ó na tíortha sin ar an sciar den mhargadh atá ann cheana a chaomhnú seachas é a leathnú go hionsaitheach. Tacaítear leis sin le laghdú 6 % ar mhéid le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Bhí praghsanna ó na tríú tíortha sin ailínithe a bheag nó a mhór le praghsanna tháirgeoirí sampláilte an Aontais in 2022, ach le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí laghdú thart ar 34 % tagtha ar phraghsanna allmhairiúcháin i gcoibhneas le leibhéil 2021, agus níor tháinig ach laghdú thart ar 28 % ar phraghsanna tháirgeoirí an Aontais, rud a léiríonn brú méadaitheach praghsanna ar tháirgeoirí an Aontais.

(262) D'fhan táirgeoirí onnmhairiúcháin móra ó thíortha eile nach raibh faoi réir dleachtanna dumpála amhail U.K. agus an Tuirc cobhsaí nó tháinig laghdú orthu i dtéarmaí méid agus luacha. Mar shampla, tháinig laghdú ar allmhairí ón Ríocht Aontaithe ó 102 046 aonad in 2022 go 72 615 aonad le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus tháinig laghdú ar allmhairí na Tuirce ó 164 343 aonad in 2023 go 95 931 aonad le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an gcaoi chéanna, tháinig laghdú ar luachanna allmhairiúcháin ó na tíortha sin freisin. Thug sé sin le fios nár tháinig méadú suntasach ar allmhairí neamhdhumpáilte ar bhealach a d'fhéadfadh dochar ábhartha a dhéanamh do thionscal an Aontais.

(263) I bhfianaise a bhfuil thuas, go háirithe ós rud é go raibh an sciar den mhargadh ag tríú tíortha réasúnta cobhsaí, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nár mhaolaigh na hallmhairí sin an nasc cúisíoch idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann.

5.3. **Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais**

(264) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid onnmhairí ó na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13

Feidhmíocht onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí (Píosaí)	775 383	716 287	602 864	581 666
Innéacs	*100*	*92*	*78*	*75*
Meánphraghas (€/píosaí)	131,36	155,45	154,80	164,43
Innéacs	*100*	*118*	*118*	*125*

Foinse: Eurostat agus táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(265) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 25 % ar mhéid onnmhairiúcháin tháirgeoirí sampláilte an Aontais, agus tháinig méadú 25 % ar an meánphraghas onnmhairiúcháin. Thug an laghdú comhuaineach sin ar mhéid agus an t-ardú ar phraghas le fios go ndearna tionscal an Aontais a straitéis onnmhairiúcháin a choigeartú, ag díriú b'fhéidir ar dheighleoga a bhfuil luach níos airde acu.

(266) Chuidigh an méadú ar phraghsanna le tionchar diúltach na méideanna laghdaitheacha a fhritháireamh go páirteach, rud a thug le fios nár chuir an fheidhmíocht onnmhairiúcháin leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

5.4. **Tionchair fachtóirí eile**

(267) D'ainneoin an mhéadaithe shuntasaigh ar allmhairí dumpáilte ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú a d'ardaigh ó thart ar 3.6 milliún aonad in 2021 go beagnach 4.8 milliún aonad le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rinneadh measúnú ar thosca féideartha eile freisin.

(268) Níor taifeadadh athruithe teicneolaíochta, cleachtais trádála shriantacha, ná athruithe ar phatrúin tomhaltóirí mar thosca ábhartha le linn na tréimhse. Níl aon fhianaise ann a thugann le fios go raibh laigí struchtúracha inmheánacha ag tionscal an Aontais mar gheall ar mhoill theicneolaíoch nó tearcfheidhmíocht onnmhairiúcháin a mhíneodh go neamhspleách an laghdú ar tháirgeacht (-24 %), díolacháin (-21 %), nó brabúsacht (ó [3,7 % — 4,2 %] go [- 4,4 % — - 4,1 %]). Tháinig méadú ar chostas aonaid an táirgthe go háirithe le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé gur tháinig laghdú ina dhiaidh sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríonn an treocht aníos sin i gcostais táirgthe go raibh brú suntasach costais ar thionscal an Aontais, ar dócha go raibh praghsanna amhábhar níos airde, costais fuinnimh, nó forchostais eile ann, rud a laghdaigh corrlaigh bhrabúis agus a chuir srian ar chumas an tionscail dul san iomaíocht go héifeachtach. Thairis sin, ní raibh tionscal an Aontais in ann iad a chur ar aghaidh go hiomlán chuig custaiméirí mar gheall ar an mbrú láidir praghsanna a chuir allmhairí dumpáilte i bhfeidhm. Chuir praghsanna ísle éagóracha na n-allmhairí sin iallach ar tháirgeoirí an Aontais costais mhéadaithe a ionsú, rud a chuir lena ndeacrachtaí airgeadais. Níor mhaolaigh an laghdú páirteach ar chostais táirgthe sa bhliain deiridh an brú sin go leordhóthanach. An neamhábaltacht sin costais níos airde a aisghabháil trí phraghsanna díola, is toisc chriticiúil é freisin chun an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais a léiriú.

5.5. **Conclúid na cúisíochta**

(269) Deimhníodh san anailís nasc cúisíoch soiléir idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais. Tháinig méadú 33 % ar mhéid na n-allmhairí ón tSín idir 2021 agus an tréimhse imscrúdúcháin, rud a mhéadaigh a sciar den mhargadh ar chostas tháirgeoirí an Aontais. Tharla an méadú sin ar allmhairí ar phraghas íseal i gcomhthráth le laghdú 24 % ar tháirgeadh, laghdú 21 % ar dhíolacháin, agus laghdú géar ar bhrabúsacht, ó [3,7 % — 4,2 %] go [- 4,4 % — - 4,1 %], laistigh de thionscal an Aontais. Thacaigh an t-uainiú comhthreomhar sin go láidir leis an gconclúid go raibh ról suntasach ag allmhairí dumpáilte i meath staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(270) Rinneadh scrúdú freisin ar thosca rannchuidithe eile a d'fhéadfadh a bheith ann, amhail feidhmíocht onnmhairiúcháin, athruithe tomhaltais, agus allmhairí ó thíortha eile. Tháinig laghdú 25 % ar onnmhairí, ach fritháiríodh é sin le hardú 25 % ar mheánphraghsanna onnmhairiúcháin, rud a chuir teorainn lena thionchar diúltach. Tháinig fás 15 % ar mhargadh an Aontais féin, mar sin níorbh fhéidir an díobháil a mhíniú leis an gcrapadh ar éileamh. D'fhan allmhairí ó thíortha eile réasúnta cobhsaí nó tháinig laghdú orthu fiú, agus níor tugadh aon athrú suntasach teicneolaíoch ná struchtúrach faoi deara.

(271) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach go ndearna na hallmhairí dumpáilte ón tSín díobháil ábhartha do thionscal an Aontais, go príomha trína méadú ar mhéid, ísliú praghsanna, agus gnóthachain maidir leis an sciar den mhargadh, agus nár mhaolaigh rannchuidiú tosca eile an nasc cúisíoch.

6. LEIBHÉAL NA mBEART

(272) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

6.1. Corrlach gearrdhíola

(273) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a bhaint amach trí dhíol ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(274) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shocrú, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart go mbeadh an corrlach brabúis sin níos ísle ná 6 %.

(275) Mar chéad chéim, bhunaigh an Coimisiún bunbhrabús lena gcumhdaítear costais iomlána faoi ghnáthdhálaí iomaíochta bunaithe ar mheánbhrabús stairiúil (ualaithe ar láimhdeachas) 5 tháirgeoir de chuid an Aontais i mblianta ó 2013 go 2019. Socraíodh an corrlach brabúis sin ag 9,6 %.

(276) Sholáthair tionscal an Aontais fianaise i bhfoirm pleananna infheistíochta agus miontuairiscí cruinnithe boird a léirigh go mbeadh a leibhéal infheistíochtaí, taighde agus forbartha (T & F) agus nuálaíochta le linn na tréimhse imscrúdúcháin níos airde faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. D'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis sin agus chinn sé go raibh údar le maímh thionscal an Aontais.

(277) Chun é sin a léiriú sa spriocbhrabús, ríomh an Coimisiún an difríocht idir na costais a bhaineann le hinfheistíochtaí, taighde agus forbartha agus nuálaíochta ('ITFN') faoi ghnáthdhálaí iomaíochta arna soláthar ag tionscal an Aontais agus arna bhfíorú ag an gCoimisiún ar thaobh amháin, agus costais ITFN iarbhír le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar an taobh eile. Suíodh an difríocht sin, arna sloinneadh mar chéatadán den láimhdeachas, ar leibhéal idir 1 % agus 5 % do tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(278) Cuireadh céatadáin den sórt sin leis an mbunbhrabús 9.6 % a luaitear thuas, rud a d'fhág go raibh spriocbhrabús idir 11,12 % agus 14,47 % ann, ag brath ar tháirgeoir sampláilte an Aontais.

(279) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais amach anseo a eascróidh as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, costais a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2). Bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil sa fhreagra ar an gceistneoir, shuigh an Coimisiún costas breise EUR 0,90 EUR/píosa a cuireadh leis an bpraghas neamhdhíobhálach.

(280) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhála an táirge chomhchosúil de chuid thionscal an Aontais tríd an gcorrlach brabúis thuasluaite a chur le costas táirgthe tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus ansin na coigeartuithe faoi Airteagal 7(2d) a chur leis ar bhonn cineál ar chineál.

(281) Chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh díobhála ansin ar bhonn comparáid idir meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte sa tír lena mbaineann, mar a suíodh le haghaidh ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhála an táirge chomhchosúil arna dhíol

ag táirgeoirí sampláilte an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú.

(282) Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann' ar an mbealach céanna agus a shainítear an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí agus na n-allmhairí sin.

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach gearrdhíola (%)
Grúpa Winner	63,2	283,6
Grúpa BTIC	91,3	48
Cuideachtaí comhoibríocha eile	74,5	197,5
Gach allmhairiú eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	119	322,8

(283) Sa chás seo, mhaígh na gearánaigh go raibh saobhadh amhábhar ann de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, chun an measúnú a dhéanamh ar leibhéal iomchuí na mbeart, shuigh an Coimisiún ar dtús an méid dleachta ba ghá chun go gcuirfí deireadh leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais in éagmais saobhadh faoi Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Scrúdaigh sé ansin an mbeadh corrlach dumpála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte níos airde ná a gcorrlach díobhála (féach aithrisí (285) agus (286) thíos).

6.2. **Scrúdú ar an gcorrlach a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais**

Corrlach

(284) Mar a mhínítear san fhógra tionscnaimh chuir an gearánach fianaise leordhóthanach ar fáil don Choimisiún go raibh saobhadh amhábhar sa tír lena mbaineann maidir leis an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, san imscrúdú seo scrúdaíodh an saobhadh líomhainte chun a mheas, más ábhartha, ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil.

6.2.1. *Comparáid idir corrlach dumpála agus gearrdhíol*

(285) I gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. Chuige sin, rinneadh comparáid idir meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, agus spriocphraghas tháirgeoirí sampláilte an Aontais mar a mhínítear i Roinn 6.1 thuas. Taispeántar toradh na ríomhanna sin sa tábla thuas.

(286) Ós rud é go raibh an corrlach gearrdhíola a ríomhadh amhlaidh níos ísle ná an corrlach dumpála do ghrúpa BTIC, rinneadh an scrúdú a cheanglaítear faoi Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún.

6.3. **Saobhadh amhábhair**

(287) Tá fianaise leordhóthanach soláthraithe ag an ngearánach sa ghearán gurbh ann do shaobhadh amhábhar de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán sa tSín i ndáil leis an táirge lena mbaineann. De réir na fianaise sa ghearán, tá feadáin agus píobáin churach de charbón agus de chóimhiotal, a bhfuil 33 % de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann i gceist leo, faoi réir aisíocaíocht CBL pháirteach ar onnmhairiú dóibh ón tSín.

(288) Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san fhógra tionscnaimh, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an saobhadh líomhnaithe agus aon saobhadh eile a chumhdaítear le hAirteagal 7(2a) den bhun-

Rialachán sa tír lena mbaineann.

(289) Shainaithin an Coimisiún na príomh-amhábhair ar dtús a úsáideann gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a i dtáirgeadh an táirge lena mbaineann. Measadh gur príomh-amhábhair iad na hamhábhair sin ar dócha go bhfuil 17 % ar laghad de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann i gceist leo. Shuigh an Coimisiún go raibh feadáin agus píopaí cruach cóimhiotail agus carbóin á n-úsáid ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte mar na príomhthosca táirgeachta chun an táirge faoi imscrúdú a mhonarú.

(290) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin lena shuí an é gur saobhadh aon cheann de na hamhábhair a úsáidtear i dtáirgeadh an táirgthe lena mbaineann mar gheall ar cheann de na bearta a liostaítear in Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán: scéimeanna déphraghsála, cánacha onnmhairiúcháin, forcháin onnmhairiúcháin, cuóta onnmhairiúcháin, toirmeasc onnmhairiúcháin, cáin fhioscach ar onnmhairí, ceanglais cheadúnaithe, praghas íosta onnmhairiúcháin, aisíocaíocht chánach (CBL) a laghdú nó a aistarraingt, srian ar phointe imréitigh custaim d'onnmhaireoirí, liosta onnmhaireoirí cáilithe, oibleagáid an mhargaidh intíre, mianadóireacht faoi chuing. Chuige sin, cheadaigh an Coimisiún suíomh gréasáin China Customs Solutions ([101]) agus shuigh sé nach raibh ach aisíocaíocht pháirteach déanta ar an CBL onnmhairiúcháin is infheidhme maidir le hallmhairí feadáin agus píobáin churach de charbón agus de chóimhiotail atá faoi chód CC 730439 agus 730459 (10 % as 13 %).

(291) Shuigh an Coimisiún go raibh dreasacht ann gan na táirgí sin a onnmhairiú ionas go ndéanfaí sásraí an mhargaidh intíre i dtéarmaí socrú praghsanna a shaobhadh.

(292) Ina dhiaidh sin, rinne an Coimisiún comparáid idir praghas na bhfeadán agus na bpíopaí cruach carbóin agus cóimhiotail a d'íoc na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus praghsanna sa mhargadh idirnáisiúnta ionadaíoch. Maidir leis sin, rinne an Coimisiún comparáid idir an praghas a d'íoc na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus an tagarmharc arna ríomh le haghaidh na n-ionchur sin mar a thuairiscítear i dTábla 1. Léirigh an chomparáid sin go bhfuil na praghsanna sa mhargadh idirnáisiúnta ionadaíoch idir 180 % agus 439 % níos airde ná mar atá sa tír lena mbaineann.. Deimhníodh an difear sin freisin agus comparáid á déanamh idir an praghas a d'íoc na táirgeoirí samplála agus an fhaisnéis a bhí le fáil sa ghearán ([102]) chun tacú leis an maíomh maidir le saobhadh amhábhar de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. I bhfianaise mhéid na difríochta sin, measadh go raibh praghsanna intíre i bhfad níos ísle ná praghsanna i margaí ionadaíocha idirnáisiúnta.

(293) Ar deireadh, scrúdaigh an Coimisiún an ionann aon cheann de na hamhábhair a ndéanann na bearta a thuairiscítear in aithris (283) difear dóibh, as féin, agus 17 % ar a laghad de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann. Chun críoch an ríomha sin, úsáideadh praghas neamhshaofa an amhábhair mar a bhunaítear i dTábla 1. Shuigh an Coimisiún gurbh ionann feadáin agus píopaí cruach carbóin agus cóimhiotail agus 17 % ar a laghad de chostas táirgthe an táirge faoi imscrúdú.

(294) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil feadáin agus píopaí cruach carbóin agus cóimhiotail faoi réir saobhadh de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

6.3.1. *Leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán*

(295) I gcomhréir le hAirteagal 7(2b) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé teacht ar an gconclúid shoiléir go raibh sé chun leas an Aontais leibhéal na ndleachtanna sealadacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Rinneadh leas an Aontais a chinneadh agus aird á tabhairt ar an bhfaisnéis uile a bhaineann leis an imscrúdú seo, lena n-áirítear na hacmhainneachtaí breise sa tír is onnmhaireoir, iomaíocht le haghaidh amhábhar agus an éifeacht ar shlabhraí soláthair le haghaidh chuideachtaí an Aontais.

([101]) www.transcustoms.com.
([102]) Iarscríbhinn 10, foinse: Píopaí Preston.

6.3.1.1. Acmhainneachtaí breise sa tír is onnmhaireoir

(296) Tugadh le fios sa ghearán go bhfuil acmhainneacht bhreise shuntasach ag an tSín i dtáirgeadh HPSC, rud a dhealraíonn a bheith struchtúrach agus á thiomáint go príomha ag beartais thionsclaíocha faoi stiúir an stáit, ró-infheistíocht sa tionscal trom, agus rósholáthar leanúnach san earnáil cruach, go háirithe i bhfeadáin chruach gan uaim, an príomh-amhábhar a úsáidtear i monaraíocht HPSC. Is éard atá i gceist le táirgeadh HPSC sainphróiseas cruach le céimeanna amhail múnlú, téamh, táthú, meaisíniú agus bratú. Baineann táirgeoirí na Síne tairbhe as criosanna tionsclaíocha móra ina bhfuil gach cuid den táirgeadh suite i ndlúthchomhar le chéile agus ina dtacaíonn pleanáil agus fóirdheontais an rialtais áitiúil leo.

(297) Tugadh le fios san fhaisnéis a soláthraíodh chun tacú leis an ngearán gur mó acmhainneacht táirgeachta iomlán HPSC na Síne ná 30 milliún aonad in aghaidh na bliana, agus go bhfuil tomhaltas intíre fós i bhfad níos ísle, go háirithe mar gheall ar mhoilleanna le déanaí in earnálacha amhail tógáil, monaraíocht mótarfheithiclí, agus éileamh tionsclaíoch ginearálta. Mar thoradh air sin, meastar go bhfuil an acmhainneacht bhreise os cionn 10 go 15 mhilliún sorcóir in aghaidh na bliana, níos mó ná dhá oiread an éilimh iomláin san Aontas, arb ionann é agus thart ar 6,88 milliún aonad, rud a léiríonn acmhainneacht láidir chun méideanna a atreorú chuig margaí seachtracha. Tá méadú seasta ag teacht ar onnmhairí HPSC na Síne, go háirithe chuig margaí gan bearta cosanta trádála. Tá an t-athrú sin d'aon ghnó agus dea-eagraithe. De réir mar a mhoillíonn an t-éileamh intíre, díríonn táirgeoirí na Síne ar mhargaí eachtracha chun ró-acmhainneacht a ionsú. Tá margadh an Aontais tarraingteach mar gheall ar a mhéid, an t-éileamh ar shorcóirí deimhnithe in earnálacha amhail earnáil an leighis, earnáil na tionsclaíochta agus earnáil na hidrigine, agus an easpa bearta cosanta trádála sonracha ar roinnt táirgí HPSC.

(298) I bhfianaise na dtosca sin, mheas an Coimisiún go bhfuil acmhainneacht bhreise shuntasach na Síne, in éineacht le rósholáthar réamhtheachtach cruach agus beartais thionsclaíocha stát-bhunaithe, ina príomhspreagadh taobh thiar den mhéadú ar mhéideanna onnmhairí chuig an Aontas. Chuir an rósholáthar struchtúrach sin leis an mbrú anuas ar phraghsanna laistigh den Aontas, chuir sé inmharthanacht eacnamaíoch thionscal HPSC an Aontais i mbaol, agus leag sé béim ar an ngá atá le bearta a chur i bhfeidhm chun iomaíocht chóir a athbhunú sa mhargadh.

6.3.1.2. Iomaíocht le haghaidh amhábhar

(299) Sa tSín, bíonn tionchar mór ag beartais agus idirghabhálacha rialtais a dhéanann difear do phraghsáil agus d'infhaighteacht ar an iomaíocht le haghaidh amhábhair a úsáidtear i dtáirgeadh HPSC. Cuidíonn na bearta sin le costais ionchuir a choinneáil níos ísle do tháirgeoirí HPSC na Síne i gcomparáid lena n-iomaitheoirí idirnáisiúnta.

(300) I gcodarsnacht leis sin, ní mór do tháirgeoirí HPSC an Aontais amhábhair a cheannach amhail feadáin chruach gan uaim agus príomh-chóimhiotail ar an margadh idirnáisiúnta oscailte, áit a gcinntear praghsanna trí sholáthar agus éileamh domhanda, innéacsanna sa mhargadh cruach, agus costais fuinnimh. Bíonn ar mhonaróirí Eorpacha aghaidh a thabhairt ar phraghsanna amhábhar atá níos airde agus níos luainí gan rochtain ar fhóirdheontais ná ar phraghsáil fhabhrach. Foinsíonn an tAontas amhábhair ó réimse éagsúil soláthróirí domhanda, lena n-áirítear soláthraithe Eorpacha, na hÁise agus Mheiriceá, rud a fhágann go bhfuil margadh an Aontais íogair do luaineachtaí i slabhraí soláthair domhanda, imeachtaí geopholaitiúla, agus infhaighteacht amhábhar.

(301) Thairis sin, d'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe ón tSín, le rátaí idir 29 % agus 55 %. Is é is aidhm do na dleachtanna sin gníomhú in aghaidh praghsáil éagórach agus saobhadh margaidh arb iad cleachtais dumpála is cúis leis, ag féachaint le táirgeoirí an Aontais a chosaint ar dhíobháil. Mar sin féin, is féidir le srianta agus dleachtanna onnmhairiúcháin den sórt sin infhaighteacht amhábhar ar an margadh idirnáisiúnta a laghdú, rud a chuireann lena bpraghas díola laistigh den Aontas. Leis an méadú sin ar phraghsanna amhábhar san Aontas, leathnaítear an bhearna chostais a thuilleadh, rud a chruthaíonn buntáiste níos mó fós do tháirgeoirí HPSC na Síne a leanann de thairbhe a bhaint as costais ionchuir intíre níos ísle.

6.3.1.3. Éifeacht ar shlabhraí soláthair do chuideachtaí an Aontais

(302) Meastar go mbeidh tionchar teoranta agus inbhainistithe ag forchur dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí HPSC na Síne ar shlabhraí soláthair an Aontais. Freastalaíonn HPSC ar earnálacha ríthábhachtacha lena n-áirítear cúram sláinte, gáis thionsclaíocha, sochtadh dóiteáin, trealamh sábháilteachta, agus an margadh hidrigine atá ag dul i méid.

(303) Níl ach acmhainneacht 48 % ag tionscal an Aontais faoi láthair mar gheall ar dhumpáil dhíobhálach, ach tá acmhainneacht bhreise agus saineolas leordhóthanach aige chun táirgeacht a mhéadú agus freastal ar níos mó éilimh má thagann laghdú ar allmhairí ón tSín. Clúdaíonn soláthróirí malartacha ón Tuirc, ón Ríocht Aontaithe, ón Iorua agus ó na Stáit Aontaithe os cionn 9 % den mhargadh cheana féin, agus in éineacht le táirgeacht mhéadaithe an Aontais, d'fhéadfaidís sciar suntasach de riachtanais an Aontais a shásamh.

(304) Is codán beag de chostais iomlána na n-úsáideoirí iartheachtacha é HPSC agus is minic a dhéantar iad a léasú nó a amúchadh le himeacht ama, rud a chiallaíonn nach dócha go ndéanfaidh aon mhéadú ar chostais ó dhleachtanna difear suntasach do phraghsanna táirgí deiridh. Ní chuirfeadh na dleachtanna bac ar allmhairí ón tSín, ach d'áiritheofaí leo go dtiocfaidís isteach ar phraghsanna cothroma neamhdhumpáilte.

(305) Cé go mbaineann costas le tionchar costais na mbeart frithdhumpála, is dócha gur mó na costais sin ná na héifeachtaí fabhracha níos leithne: cuideoidh na bearta le soláthar cobhsaí iontaofa HPSC a áirithiú san Aontas, le hiomaíocht chóir a athbhunú ar mhargadh an Aontais, agus le hathléimneacht thionsclaíoch an Aontais a threisiú. I gcás príomhearnálacha amhail gás, cúram sláinte agus hidrigin, tá sé ríthábhachtach rochtain shlán ar shorcóirí ar ardchaighdeán a áirithiú chun leanúnachas oibríochtúil a choinneáil, an tsábháilteacht phoiblí a chosaint, agus tacú le spriocanna an Aontais maidir le huathriail straitéiseach agus athléimneacht thionsclaíoch.

6.3.2. *Conclúid maidir le leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán*

(306) Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha uile a bhaineann leis an imscrúdú sin, chinn sé go sealadach go bhfuil sé chun leas an Aontais méid na ndleachtanna sealadacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

(307) Go háirithe, tá acmhainneacht bhreise shubstaintiúil ag tionscal HPSC na Síne agus meastar go mbeidh an tionchar a bheidh ag dleachtanna frithdhumpála a fhorchur ar allmhairí na Síne inláimhsithe do shlabhra soláthair an Aontais. Oibríonn tionscal an Aontais faoi bhun acmhainneachta faoi láthair ach tá an saineolas teicniúil agus an acmhainneacht táirgeachta spártha aige chun aschur a mhéadú agus freastal ar an éileamh. Ina theannta sin, cuireann soláthróirí malartacha ó thíortha eile amhail an Tuirc, an Ríocht Aontaithe, an Iorua agus na Stáit Aontaithe roghanna breise foinsithe ar fáil.

(308) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nár leor dleacht níos ísle ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais. Ní hamháin go ndéanann dumpáil díobháil do tháirgeoirí an Aontais ach bíonn siad thíos le saobhadh breise ar thrádáil i gcomparáid le táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Dá bhrí sin, chun trádáil a chosaint go leordhóthanach, ní mór leibhéal na mbeart a bheith comhionann leis an gcorrlach dumpála mar atá leagtha síos go sealadach.

6.4. **Conclúid maidir le leibhéal na mbeart**

(309) Tar éis an mheasúnaithe thuas, ba cheart dleachtanna frithdhumpála sealadacha a shocrú mar a leanas i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
Grúpa Winner	63,2
Grúpa BTIC	91,3
Cuideachtaí comhoibríocha eile	74,5
Gach allmhairiú eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	119

7. **LEAS AN AONTAIS**

(310) Tar éis dó a chinneadh Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le dumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí, na mórdhíoltóirí, na miondíoltóirí, na n-úsáideoirí agus na dtomhaltóirí.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(311) Léirigh tionscal an Aontais leibhéal ard rannpháirtíochta san imscrúdú, agus is ionann táirgeoirí agus sciar suntasach de tháirgeacht iomlán an Aontais ag teacht chun cinn chun comhoibriú. B'ionann táirgeoirí comhoibríocha an Aontais agus níos mó ná 80 % de tháirgeacht agus de dhíolacháin iomlána an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a áirithíonn measúnú ionadaíoch ar staid thionscal an Aontais.

(312) Léirigh an t-imscrúdú gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léiríonn táscairí amhail brabúsacht atá ag laghdú, úsáid laghdaithe acmhainneachta, caillteanas sciar den mhargadh, agus brú anuas ar phraghsanna díola mar gheall ar allmhairí dumpáilte go soiléir go bhfuil an fheidhmíocht eacnamaíoch agus airgeadais ag dul in olcas. Bhain na treochtaí diúltacha sin an bonn ó chumas an tionscail oibríochtaí inbhuanaithe a choinneáil ar bun agus infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht agus san éifeachtúlacht.

(313) Le forchur na mbeart frithdhumpála, tá coinne leis go n-athbhunófar iomaíocht chóir i margadh an Aontais. Is dócha go gcuirfeadh sé sin ar chumas thionscal an Aontais a mhéideanna díolachán a mhéadú ar phraghsanna inbhuanaithe, sciar caillte den mhargadh a aisghabháil, agus a bhrabúsacht a fheabhsú. Le cothrom iomaíochta, bheadh táirgeoirí in ann úsáid acmhainneachta a bharrfheabhsú agus infheistíocht a dhéanamh in uasghráduithe riachtanacha, rud a d'áiritheodh inmharthanacht agus iomaíochas fadtéarmach. Gan an brú éagórach praghsála a chuireann allmhairí dumpáilte i bhfeidhm, bheadh an tionscal in ann leibhéil fostaíochta a aisghabháil agus a choinneáil ar bun.

(314) Os a choinne sin, mura bhforchuirfí bearta, is dócha go mbeadh tionscal an Aontais fós thíos le héifeachtaí allmhairí ar phraghas éagórach. Bheifí ag súil go leanfadh an treocht anuas i bpraghsanna agus brabúsacht ar aghaidh, rud a dhéanfadh dochar breise do shláinte airgeadais na dtáirgeoirí. D'fhéadfadh laghdú, dúnadh, agus laghdú suntasach ar fhostaíocht agus ar infheistíocht san Aontas a bheith mar thoradh air sin. Bheadh sé deacair lagú struchtúrach an tionscail a aisiompú, agus d'fhéadfadh roinnt táirgeoirí an margadh a fhágáil.

(315) I bhfianaise a bhfuil thuas, is léir go bhfuil forchur na mbeart frithdhumpála chun leasa thionscal an Aontais. Chuirfeadh sé ar chumas na hearnála téarnamh ón díobháil de dheasca allmhairí dumpáilte, iomaíocht chóir a athbhunú, agus a hinbhuanaitheacht fhadtéarmach a áirithiú.

7.2. **Leas na n-allmhaireoirí neamhchomhlachaithe agus na dtrádálaithe**

(316) Níor chomhoibrigh aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe ná trádálaí san imscrúdú. Mar sin, níor cuireadh aon sonraí ar fáil maidir le tionchar na mbeart ar an ngrúpa sin.

(317) In éagmais comhair agus sonraí sonracha, ní mór measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí is dócha a bheidh ag forchur na mbeart ar allmhaireoirí bunaithe ar na fíorais atá ar fáil. Is féidir glacadh leis go réasúnta go bhféadfadh méaduithe costais áirithe a bheith ar allmhaireoirí mar thoradh ar dhleachtanna frithdhumpála a fhorchur. Mar sin féin, i bhfianaise infhaighteacht foinsí malartacha soláthair, lena n-áirítear foinsí ó tháirgeoirí de chuid an Aontais, agus i bhfianaise na féidearthachta go leanfar d'allmhairí ar phraghsanna neamhdhumpáilte, meastar go mbeidh aon tionchar diúltach teoranta.

(318) Cé go bhféadfadh laghdú ar roghanna soláthair nó costais mhéadaithe a bheith ar allmhaireoirí sa ghearrthéarma, is dócha go mbeidh na héifeachtaí sin measartha. Ar an taobh eile, dá gcoinneofaí an status quo ar bun, chuirfí inmharthanacht an tsoláthair intíre i mbaol agus d'fhéadfadh spleáchas níos mó ar allmhairí dumpáilte a bheith mar thoradh air amach anseo. Tríd is tríd, is mó na tairbhí do thionscal an Aontais ná na míbhuntáistí teoranta agus gan bhunús a d'fhéadfadh a bheith ann d'allmhaireoirí.

(319) Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, thángthas ar an gconclúid nach ndéanfadh forchur beart dochar suntasach do leas allmhaireoirí neamhchomhlachaithe agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sé contrártha dá leasanna.

7.3. **Leas úsáideoirí, tomhaltóirí agus soláthróirí**

(320) Níor tháinig aon úsáideoir, tomhaltóir ná soláthróir chun cinn chun comhoibriú san imscrúdú. Dá réir sin, níor cuireadh aon sonraí úsáide ná ábhair shonracha imní ar fáil a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha suntasacha teacht as forchur féideartha na mbeart.

(321) In éagmais comhair, ní mór measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí dóchúla na mbeart ar úsáideoirí ar bhonn toimhdí réasúnacha. Is iondúil gur comhpháirt bheag costais iad sorcóirí gan uaim laistigh d'oibríochtaí foriomlána tionscal

iartheachtach, lena n-áirítear sna hearnálacha sláinte agus fuinnimh. Dá réir sin, ní mheastar go ndéanfaidh aon mhéadú ar phraghsanna a d'fhéadfadh a bheith ann tar éis dleachtanna a fhorchur difear suntasach d'oibríochtaí úsáideoirí ná do shlabhraí soláthair foriomlána.

(322) Dá bhforchuirfí bearta, chuideofaí le hinmharthanacht thionscal an Aontais a dhaingniú agus foinse intíre iontaofa a choinneáil de tháirge straitéiseach a úsáidtear in earnálacha criticiúla amhail cúram sláinte agus fuinneamh glan. Cé go bhféadfadh sé go mbeadh ar úsáideoirí dul i ngleic le méaduithe imeallacha ar phraghsanna sa ghearrthéarma, is mó iad sin ná na tairbhí a bhaineann le slándáil an tsoláthair a choinneáil ar bun agus iomaíocht chóir a áirithiú.

(323) I bhfianaise a bhfuil thuas, ní mheastar go ndéanfaidh forchur na mbeart dochar suntasach do leasanna úsáideoirí agus go rannchuideodh sé le rochtain chobhsaí shlán ar tháirgí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo a chosaint. Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid nach bhfuil forchur beart frithdhumpála contrártha do leas na n-úsáideoirí.

7.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(324) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis láidir ann nach chun leas an Aontais é bearta a fhorchur ar allmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na tíre lena mbaineann ag an gcéim sin den imscrúdú.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA**

(325) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte.

(326) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí sorcóirí ardbhrú cruach gan uaim de thionscnamh a Síne, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Mheas an Coimisiún gur cheart gurbh é an corrlach dumpála an leibhéal iomchuí chun deireadh a chur leis an díobháil.

(327) I bhfianaise a bhfuil thuas ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
Daon-Phoblacht na Síne	Grúpa BTIC	90,3
Daon-Phoblacht na Síne	Grúpa Winner	63,2
Daon-Phoblacht na Síne	Cuideachtaí comhoibríocha eile	73,8
Daon-Phoblacht na Síne	Gach allmhairiú eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	118,0

(328) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, léirigh siad an staid mar a bhí le linn an imscrúdaithe maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na rátaí dleachta frithdhumpála aonair

(329) Chun na rioscaí teacht timpeall a íoslaghdú de bharr na difríochta ard i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme go dtí go gcuirtear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo a chomhlíonadh. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann'.

(330) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo, ní mór d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(331) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Leis an imscrúdú sin is féidir inter alia, scrúdú a dhéanamh ar an ngá chun ráta nó rátaí dleachta aonair a bhaint agus dleacht a fhorchur ar fud na tíre ina dhiaidh sin.

(332) Is minic a chuirtear staidreamh an táirge lena mbaineann in iúl i bpíosaí. Níl aon aonad forlíontach den sórt sin ann áfach le haghaidh an táirge lena mbaineann a shonraítear san Ainmníocht Chomhcheangailte a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87. ([103]) Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh gur gá líon na bpíosaí le haghaidh allmhairí an táirge lena mbaineann a chur isteach sa dearbhú um scaoileadh chun saorchúrsaíochta, anuas ar an meáchan in kg nó tonaí. Ba cheart píosaí a léiriú le haghaidh chóid AC agus/nó TARIC.

9. **CLÁRÚ**

(333) Mar a luaitear i roinn 1.2, chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe. Rinneadh an clárú chun go mbeadh an fhéidearthacht ann dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.

(334) I bhfianaise na dtorthaí ag an gcéim shealadach, ba cheart scor de chlárú na n-allmhairí nó deireadh a chur leis an gclárú.

(335) Ní dhearnadh aon chinneadh nó ní féidir cinneadh a dhéanamh ag an gcéim seo den nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach féideartha i ndáil le bearta frithdhumpála.

([103]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (OJ L 256, 7.9.1987, p. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj) arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2522 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (OJ L, 2024/2522, 31.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2522/oj).

10. **FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH**

(336) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(337) Chuir BTIC barúlacha isteach maidir le ríomh an phraghais allmhairiúcháin agus luachanna CAL a úsáideach chun a chorrlach dumpála a ríomh. Tar éis anailís a dhéanamh, glacadh leis na barúlacha sin agus ceartaíodh an corrlach dumpála dá réir. Rinneadh an corrlach dumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte agus cuideachtaí eile a choigeartú dá réir.

11. **FORÁLACHA DEIRIDH**

(338) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(339) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí sorcóirí ardbhrú gan uaim le haghaidh gás comhbhrúite nó leachtaithe, déanta as cruach, de gach trastomhas agus de gach toilleadh toirte, bídís snáithithe nó ná bídís, gan beann ar bhratú inmheánach ná ar phlátáil inmheánach, gan beann ar bhailchríoch seachtrach agus ar chruth seachtrach, cibé acu atá nó nach bhfuil bolgán gáis curtha isteach iontu, gan beann ar fheistiú na sorcóirí le comhla, fáinne muiníl, fáinne coise nó píobánra, bídís ceangailte le chéile chun cuach a dhéanamh nó ná bídís, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 7311 00 11, ex 7311 00 13, ex 7311 00 19, ex 7311 00 30 agus ex 8424 10 00 (cóid TARIC 7311 00 11 15, 7311 00 11 80, 7311 00 13 15, 7311 00 13 80, 7311 00 19 15, 7311 00 19 80, 7311 00 30 15, 7311 00 30 80, 8424 10 00 11 agus 8424 10 00 21) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleacht frithdhumpála shealadach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír thionscnaimh	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Zhejiang Winner Fire Fighting Equipment Co.,Ltd.	63,2	89TF
Daon-Phoblacht na Síne	Tianjin Tianhai High Pressure Container Corp., Ltd Jiangsu Tianhai Special Equipment Co., Ltd Kuancheng Tianhai Pressure Container Co., Ltd.	90,3	89TG
Daon-Phoblacht na Síne	Cuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte	73,8	Féach an Iarscríbhinn
Daon-Phoblacht na Síne	Cuideachtaí eile	118,0	89YY

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid san aonad atá á úsáid againn) den (táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é sa tír lena mbaineann. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.'* Go dtí go dtíolactar an sonrasc seo, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

4. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

5. I gcás ina dtíolactar dearbhú maidir le scaoileadh chun saorchúrsaíochta i leith an táirge dá dtagraítear i mír 1, gan beann ar a áit tionscnaimh, déanfar na píosaí de na táirgí a allmhairítear a iontráil i réimse ábhartha an dearbhaithe sin mura bhfuil aonad forlíontach eile sainithe cheana féin le haghaidh cód AC sonrach agus dá réir sin le haghaidh cóid TARIC le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 2658/87..

6. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas, ar bhonn míosúil, faoi líon na bpíosaí arna n-allmhairiú faoi chóid AC/TARIC mar atá in Airteagal 1.1 den Rialachán seo.

7. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/531 ón gCoimisiún an 24 Márta 2025.

2. Maidir le sonraí arna mbailiú i ndáil le táirgí a tháinig isteach san Aontas Eorpach lena dtomhailt tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar iad a choimeád go dtí go dtiocfaidh aon bheart cinntitheach féideartha i bhfeidhm, sin nó go dtí go bhfoirceannfar na himeachtaí seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Lúnasa 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne nach ndearnadh sampláil orthu

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Anhui Clean Energy Co. Ltd.	89TH
Daon-Phoblacht na Síne	Chasing Technology (Changxing) Co., Ltd	89TI
Daon-Phoblacht na Síne	Jiangsu Minsheng Heavy Industry Co.,Ltd.	89TJ
Daon-Phoblacht na Síne	Leebucc (Tianjin) Hydraulics Equipment Co., Ltd.	89TK
Daon-Phoblacht na Síne	Shandong Hongsheng Pressure Vessel Co., Ltd.	89TL
Daon-Phoblacht na Síne	Shandong Huachen High Pressure Vessel Group Co., Ltd	89TM
Daon-Phoblacht na Síne	Shandong Huachen High Pressure Vessel Group Dezhou Co., Ltd.	89TN
Daon-Phoblacht na Síne	Shandong Yongan Special Equipment Co., Ltd	89TO
Daon-Phoblacht na Síne	Shaoxing Reach Fire Fighting Equipment Co., Ltd.	89TP
Daon-Phoblacht na Síne	Sinoma Science & Technology (Chengdu) Co., Ltd.	89TQ
Daon-Phoblacht na Síne	Sinoma Science & Technology (Jiujiang) Co., Ltd.	89TR
Daon-Phoblacht na Síne	Sinoma Science & Technology (Suzhou) Co., Ltd.	89TS
Daon-Phoblacht na Síne	Zhejiang Jindun Pressure Vessel Co., Ltd.	89TT
Daon-Phoblacht na Síne	Zhejiang Rein Hytec Co.,Ltd.	89TU
Daon-Phoblacht na Síne	Zhejiang Super Power Fire Fighting Equipment Co., Ltd.	89TV
Daon-Phoblacht na Síne	Zhuolu High Pressure Vessel Co.,Ltd.	89TW